# Tuarascáil Bhliantúil 2022

INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA
ESRI ECONOMIC & SOCIAL RESEARCH INSTITUTE

Informed policy for a better Ireland

# Tuarascáil Bhliantúil 2022 na Comhairle

Bealtaine 2023

Is í an Chomhairle bord rialúcháin foriomlán na hInstitiúide atá ag feidhmiú mar bhord stiúrthóirí na hInstitiúide. Tá an Chomhairle freagrach as straitéis taighde na hInstitiúide a fhorbairt i gcomhar leis an Stiúrthóir agus baill foirne. Bíonn cruinniú ag an gComhairle gach ráithe. Tá trí fhochoiste ann mar thacaíocht: Iniúchadh agus Riosca, Gnó agus Oibríochtaí, agus Rialachas agus Ainmniúcháin. Tá beathaisnéis ghearr ar Chomhaltaí na Comhairle i gCuid 6.

## *An Chomhairle*

### COMHALTAÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022



***S. O'Driscoll***
***Uachtarán agus Cathaoirleach***



***An tOllamh A. Barrett,***
***Stiúrthóir***

SEAN O'DRISCOLL, Uachtarán agus Cathaoirleach

AN tOLLAMH ALAN BARRETT, Stiúrthóir, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

AN tOLLAMH KATY HAYWARD, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

GABRIEL MAKHLOUF, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

AN tOLLAMH SANDRA McNALLY, Ollscoil Surrey, an Ríocht Aontaithe

DAVID MOLONEY, Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

RÓNÁN MURPHY, in PwC roimhe seo, comhalta reatha ar bhoird Davy, ICON plc agus Greencoat Renewables plc

AN tOLLAMH CIARÁN Ó hÓGARTAIGH, Uachtarán, Ollscoil na Gaillimhe

ANNE O'LEARY, Ceannasaí Meta Ireland agus Leas-Uachtarán, Grúpa Domhanda Gnó, EMEA

AN tOLLAMH ROWENA PECCHENINO, Ollscoil Mhá Nuad

AN DR ORLAIGH QUINN, Ard-Rúnaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

PAT RABBITTE, iar-Aire, iarcheannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Cathaoirleach TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

# Clár an Ábhair


1. RÉAMHRÁ ..... 2
   - Neamhspleáchas agus maoiniú ..... 2
   - Rialachas na Comhairle ..... 3
   - Aschuir thaighde in 2022 ..... 3
   - Fás Aníos in Éirinn ..... 4
   - An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ..... 4
   - An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 ..... 4
   - Daoine ..... 5
2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2022 ..... 6
   - 2.1 Taighde ..... 6
   - 2.2 Maoiniú ..... 7
   - 2.3 Scaipeadh agus cumarsáid ..... 8
   - 2.4 Fás Aníos in Éirinn ..... 9
   - 2.5 Acmhainní daonna ..... 9
   - 2.6 Próisis ghnó ..... 10
3. TAIGHDE IN 2022 ..... 11
   - 1.Eolaíocht Iompraíochta ..... 11
   - 2.Iomaíochas, Trádáil agus IDC ..... 12
   - 3.Oideachas ..... 14
   - 4.Fuinneamh, Comhshaol agus Bonneagar ..... 15
   - 5.Fás Aníos in Éirinn ..... 16
   - 6.Sláinte agus Caighdeán na Beatha ..... 17
   - 7.Margadh an tSaothair agus Scileanna ..... 18
   - 8.Maicreacnamaíocht ..... 19
   - 9.Imirce, Imeascadh agus Déimeagrafaíocht ..... 20
   - 10. Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas ..... 22
   - 11. Cáin, Leas agus Pinsin ..... 23
4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022 ..... 25
5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2022 ..... 27
6. COMHAIRLE NA HINSTITIÚIDE TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA - EOLAS BEATHAISNÉISE ..... 30
7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS BAILL CHORPARÁIDEACHA ..... 33

# 1. RÉAMHRÁ

Is é is aidhm don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) taighde eacnamaíoch agus sóisialta a dhéanamh ar cheisteanna móra a thagann chun cinn in Éirinn agus torthaí taighde a chur ar fáil chun eolas a chur ar fáil don bheartas poiblí agus don tsochaí shibhialta. Chun tacú leis an obair seo, déanann Comhairle an ESRI cuspóirí straitéiseacha na hInstitiúide a shocrú agus a mhaoirsiú, socraíonn na caighdeáin riachtanacha ó thaobh caighdeáin de, agus déanann a chinntiú go bhfuil an anailís neamhspleách a chuireann an Institiúid ar fáil ábhartha maidir leis na ceisteanna eacnamaíocha agus sóisialta atá le socrú ag lucht déanta beartais in Éirinn. Cé go bhfuil an Chomhairle freagrach as rialachas inmheánach, níl aon ról ag comhaltaí na Comhairle taighde faoi leith a ullmhú ná tráchtaireacht a dhéanamh air.

Leagtar amach sa réamhrá seo tuairimí na Comhairle faoin dóigh a gcoinníonn an Institiúid an clú atá uirthi mar ionad bairr feabhais sa taighde neamhspleách atá dírithe ar bheartas. Chomh maith leis sin, tá forléargas achomair ar rialachas na hInstitiúide agus ar aschur taighde na hInstitiúide in 2022, an ceathrú bliain dá straitéis taighde 2019-2023.

## Neamhspleáchas agus maoiniú

I straitéis taighde na hInstitiúide, déantar athdhearbhú ar an tábhacht a bhaineann le gealltanas an ESRI taighde a dhéanamh atá neamhspleách, oibiachtúil agus ar ardchaighdeán. Tá an neamhspleáchas á dhearbhú mar thoradh ar an gcaidreamh conarthach atá ann idir an Institiúid agus a cliaint agus, mar bhonn faoi sin, tá beartas ann taighde a fhoilsiú gan beann ar bith ar na torthaí ann ná ar fhoinse an mhaoinithe. Tá córas mionchúiseach ann don mheasúnú piaraí a thugann tacaíocht bhreise don cháilíocht, oibiachtúlacht agus neamhspleáchas. Déanann an Chomhairle scrúdú rialta ar an gcóras sin. Chomh maith leis sin, déanann an Institiúid féin measúnú piaraí. Rinneadh measúnú piaraí den chineál sin ar an Institiúid in 2022. Foilsíodh an tuarascáil agus tá fáil uirthi ar ár suíomh gréasáin.

Le blianta beaga anuas, tá an Institiúid ag díriú ar inbhuanaitheacht airgeadais a fhorbairt trí bhíthin cláir ilbhliantúla thaighde á maoiniú ag ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Tugann an Chomhairle aitheantas don tábhacht a bhaineann leis an tacaíocht leanúnach ón Rialtas, is é sin deontas i gcabhair ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithníonn an Chomhairle an méid suntasach atá tugtha ag ranna rialtais agus gníomhaireachtaí go leor a thug maoiniú do chláir thaighde in 2022. Foinse mhór eile de mhaoiniú taighde don Institiúid ná próisis iomaíocha mhaoinithe, in Éirinn féin agus san Aontas Eorpach (AE).

In 2021, tugadh faoi chlár ballraíochta na hInstitiúide a athdhearadh agus a athsheoladh agus rinneadh dul chun cinn suntasach in 2022. An sprioc a bhí againn ná ciste úr a fhorbairt don taighde ar chuid de na ceisteanna is tábhachtaí in Éirinn sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Táimid an-bhuíoch as an bhfreagairt dhearfach ó bhaill reatha agus baill nua, atá go léir tar éis a chur in iúl go bhfuil siad iontach dúthrachtach faoi thacaíocht a thabhairt don taighde neamhspleách dírithe ar bheartas a dhéanann an ESRI. Tá liosta dár bPátrúin Whitaker agus Baill Chorparáideacha thíos.

## Rialachas na Comhairle

Déanann Comhairle an ESRI a chinntiú i gcónaí go gcuirtear caighdeáin an rialachais chorparáidigh i bhfeidhm ar an leibhéal is airde. Tuigimid go maith go bhféadfaidh coinbhleacht leasa teacht chun cinn agus tá an-dúthracht ann lena dheimhniú go bhfuil cothromaíocht chuí ann i measc chomhaltaí na Comhairle. Déanann fochoiste na Comhairle um Rialachas agus Ainmniúcháin monatóireacht ar an gcomhaltas lena chinntiú go mbeidh na scileanna cuí ar an gComhairle, chomh maith le clúdach leathan earnála agus cothromaíocht inscne.

Maireann comhaltas ar an gComhairle trí bliana go hiondúil, agus cuirtear síneadh trí bliana leis sin go minic. Ní íoctar aon táillí le comhaltaí Comhairle as bheith mar chomhaltaí den Chomhairle. Tá próiseas foirmiúil ann le comhaltaí a ainmniú. Déantar iad a thoghadh mar chuid de chruinniú ginearálta bliantúil na hInstitiúide.

Bhí Sandra McNally, Rónán Murphy (Cathaoirleach), Ciarán Ó hÓgartaigh agus Rowena Pecchenino ar an bhfochoiste um Iniúchadh agus Riosca in 2022. Bhí Alan Barrett, Katy Hayward, David Moloney agus Pat Rabbitte (Cathaoirleach) ar an bhfochoiste Gnó agus Oibríochtaí. Bhí Sean O'Driscoll, Rowena Pecchenino, Orlaigh Quinn agus Pat Rabbitte ar an bhfochoiste um Rialachas agus Ainmniúcháin.

Ní dheachaigh aon duine ar scor ón gComhairle agus níor tháinig aon duine nua isteach in 2022.

## Aschuir thaighde in 2022

D'éirigh géarchéim COVID-19 níos fearr in 2022 agus thosaíomar ag baint triail as cur chuige nua cumaiscthe don obair san oifig agus ón mbaile. Aschur láidir taighde a bhí againn fós, agus d'fhoilsigh ár dtaighdeoirí i réimse foinsí i gcaitheamh na bliana. Ina measc sin bhí 61 alt in irisí a ndéantar measúnú piaraí orthu, 43 tuarascáil agus 2 chaibidil i leabhair. Anuas air sin, foilsíodh 22 Feasachán Taighde inar cuireadh ábhar ó ailt in irisí i láthair ar bhealach soiléir soléite. Scaipeadh obair atá idir lámha in 23 ceann de pháipéir oibre.

Cuid lárnach dár gcuid oibre fós ná taighde a scaipeadh agus, in 2022, cuireadh agallamh ar thaighdeoirí de chuid an ESRI 86 uair ar an raidió agus ar an teilifís. Tháinig taighdeoirí os comhair coistí den Oireachtas 9 n-uaire fosta. Maille leis sin, rinneamar 28 imeacht a eagrú, ceardlanna agus comhdhálacha cuir i gcás.

Cé go bhfuil an t-aschur taighde róleathan le hathbhreithniú cuimsitheach a thabhairt, amharcfaimid ar mhéid teoranta d'aschuir thábhachtacha anseo. Tá tuilleadh sonraí ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie) agus inár n-athbhreithniú bliantúil ar thaighde.

Ar an gcéad dul síos, d'fhág na harduithe ar phraghsanna fuinnimh in 2022 a tháinig as ionradh na Rúise ar an Úcráin gurbh éigean don Rialtas tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh. Thug taighdeoirí san Institiúid ionchuir luachmhara anailíseacha cionn is gur thug siad meastachán faoin méid a raibh an bhochtaineacht fuinnimh ag fás agus gur léirigh siad an tslí a bhféadfaí cuir chuige éagsúla a úsáid i leith fóirdheontais fuinnimh chun díriú ní b'fhearr ar na tithe sin a bhfuil na riachtanais is mó iontu.

Ar an dara dul síos, is minic an ESRI ag tabhairt faoi obair ar Thuaisceart Éireann agus ceisteanna uile-oileáin agus tháinig fás leanúnach ar an obair sin in 2022. D'éirigh linn obair thábhachtach a

dhéanamh ar cheisteanna mar shampla an táirgeacht agus oideachas i dTuaisceart Éireann, é sin i bpáirt mar thoradh ar ár gcuid oibre leis an Aonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh. Bhí comhdháil chomhpháirteach againn i gcomhar le hOllscoil Uladh i mBéal Feirste chun plé a dhéanamh ar an obair ar chúrsaí oideachais.

Ar an tríú dul síos, tá an Institiúid dírithe ar shamhlacha staitistiúla a fhorbairt atá á rith agus á gcothabháil agus an aidhm ann ceisteanna a fhreagairt ar phróisis eacnamaíocha agus shóisialta. Chuamar ar aghaidh in 2022 ag tarraing ar ár samhail mhaicreacnamaíoch (COSMO) agus ar ár samhail um leas-cáin (SWITCH) chun anailís a dhéanamh ar mheascán de dhúshláin a bhaineann le beartas. Mar sin féin, agus aird á díriú ar an aeráid níos mó agus níos mó, rinneamar dul chun cinn sásúil i dtaca lenár samhail aeráide (I3E) a fhorbairt agus chuireamar leis an mbonn maoinithe a thugann tacaíocht don fhorbairt sin.

## Fás Aníos in Éirinn

Ghlac an ESRI, an Lár-Oifig Staidrimh, agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar a bhí an t-am sin cinneadh le chéile go mall in 2018 go ndéanfaí an staidéar Fás Aníos in Éirinn a aistriú chun na Lár-Oifige Staidrimh i ndiaidh 2022. Tugadh aitheantas sa chinneadh sin go bhfuil an staidéar chomh tábhachtach sin gur chóir é a neadú i gcórais oifigiúla bailithe sonraí an Stáit. De bhun an chinnidh sin, cuireadh tús le plé in 2019 idir na trí ghníomhaireacht maidir leis an tslí a ndéanfaí an t-aistriú a bhainistiú ionas go bhféadfaí saibhreas luachmhar an staidéir a choinneáil. Cuireadh i gcrích an obair ar na socruithe a bhainfeadh leis an staidéar a aistriú in 2022. Aistríodh na baill foirne san ESRI a bhí ag obair i rannóg an Staidéir chun na Lár-Oifige Staidrimh agus chun na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

D’úsáid an ESRI na sonraí ón staidéar Fás Aníos in Éirinn arís in 2022 chun staidéir ghéarchúiseacha a chur ar fáil, iad ag baint leas as saibhreas na foinse sonraí seo nach bhfuil a leithéid ann in aon áit eile. Foilsíodh tuarascálacha ar thopaicí amhail tionchar na paindéime, leanaí agus daoine óga, agus nósanna cearrbhachais daoine óga.

## An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Institiúid tiomanta i dtaobh beartais agus gníomhartha a chur chun feidhme atá ag teacht leis na dualgais atá á leagan ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Mar chuid den phróiseas chun iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú Athena Swan, chuir an Institiúid a Plean um Chomhionannas Inscne i gcrích agus rachaidh ar aghaidh anois leis an iarratas ar Athena Swan a fhorbairt, atá le cur isteach i Meitheamh 2023. Scéim creidiúnaithe um chairt cháilíochta is ea Athena Swan ina dtugtar aitheantas don dea-chleachtas in institiúidí ardoideachais agus taighde i dtreo cothromaíocht inscne a chur chun cinn bunaithe ar na forais sa reachtaíocht in Éirinn.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don ESRI in 2022.

## Daoine

Ba mhaith leis an gComhairle baill foirne na hInstitiúide a mholadh as an saineolas agus dúthracht a léiríonn siad a fhágann go mbíonn an Institiúid in ann teacht ar bhealaí úra i rith an ama le dúshláin bheartais a réiteach. Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis na ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, Pátrúin Whitaker agus baill chorparáideacha agus aonair a thugann tacaíocht do chláir thábhachtacha thaighde agus leis na páirtithe leasmhara go léir a bhíonn ag plé le hobair na hinstitiúide. Is mór thoradh ar thacaíocht den chineál sin atá an Institiúid ábalta obair a dhéanamh lena fís a bhaint amach le bheith mar 'an fhoinse is tábhachtaí den taighde socheacnamaíoch neamhspleách ar ardchaighdeán mar thacaíocht chun eolas a chur ar fáil don bheartas in Éirinn níos gile'.

Bhí an-bhrón orainn a chloisteáil gur cailleadh beirt dár n-iar-chomhghleacaithe in 2022: An tOllamh Jerry Sexton agus an tOllamh Chris Whelan. Chuir Jerry Sexton go mór le réimsí amhail an imirce agus réamhaisnéis saothair. Chaith sé tréimhse ar iasacht san OECD. Bhí Chris Whelan dírithe ina chuid oibre ar bhochtaineacht, díothacht agus eisiamh sóisialta. Rinne sé obair cheannródaíoch ar thopaicí mar shampla tomhas na bochtaineachta. Bhí an bheirt acu, Jerry agus Chris, millteanach flaithiúil mar mheantóirí, taobh leis an obair fhiúntach a bhí ar bun acu féin.

Ar deireadh, is mór an chailliúint ag eagraíocht agus ag baill foirne eagraíochta má chailltear comhghleacaí reatha. Sin an scéal brónach a bhí againne in 2022 nuair a fuair ár gcomhghleacaí Elaine Byrne bás. Bhí Elaine chun tosaigh mar dhuine i bpointe teagmhála na hÉireann i nGréasán Imirce na hÉireann, atá mar pháirt den ESRI. Cronaímid go mór í.

| | |
|---|---|
| Sean O'Driscoll | Alan Barrett |
| Uachtarán agus Cathaoirleach | Stiúrthóir |

## 2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2022

Rinneadh Straitéis 2019–2023 na hInstitiúide a fhorbairt go comhoibríoch in 2018 trí phróiseas cuimsitheach straitéiseach. Tugtar mionchuntas sa straitéis ar ghníomhartha tosaíochta na hInstitiúide don tréimhse i gcomhthéacs mhisean, fhís, spriocanna agus luachanna na hInstitiúide. Na spriocanna atá againn ná feabhas agus ábharthacht taighde, cumarsáid éifeachtach agus tionchar beartais. Tá gníomhartha straitéiseacha againn chun na spriocanna sin a bhaint amach bunaithe ar na ceannteidil seo: taighde; maoiniú; scaipeadh agus cumarsáid; Fás Aníos in Éirinn; acmhainní daonna; agus próisis ghnó.

Úsáideann an Chomhairle tuarascálacha dhá uair sa bhliain chun an fhochoiste Gnó agus Oibríochtaí chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise taighde. Déantar plé sna tuarascálacha ar an gclár taighde sa 11 réimse taighde chomh maith le feidhmiú na ngníomhaíochtaí straitéiseacha.

Tá leagtha amach go hachomair sa chuid seo an dul chun cinn a rinneadh in 2022 leis na gníomhartha straitéiseacha a bhaint amach.

### 2.1 Taighde

Sna gníomhartha straitéiseacha, faoi theideal ginearálta an taighde, táthar dírithe ar an bhfeabhas, ábharthacht agus tionchar. In 2022, cuireadh an tríú measúnú piaraí neamhspleách ar an Institiúid i gcrích, mar chuid de shraith, agus foilsíodh é (ar ár suíomh gréasáin). Measúnú iontach dearfach a bhí ann ar an iomlán. Luadh gur 'branda iontach láidir é [an ESRI] a bhfuil an-mheas air in Éirinn bunaithe ar dhearcadh iontach dearfach ar chaighdeán agus neamhspleáchas a aschuir taighde', agus go bhfuil 'leibhéal ard muiníne ag chóir a bheith gach páirtí leasmhar i gcríochnúlacht, gairmiúlacht agus neamhspleáchas a chuid oibre'.

Thugamar faoi thaighde ábhartha ar bhonn leanúnach, cuir i gcás an clár taighde i gcomhar le Roinn an Taoisigh maidir le deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta ag teacht as comhar níos fearr ar an Oileán Comhroinnte. I snáithe amháin de thaighde a rinneadh, fuarthas go bhfuil leibhéil níos airde de dhaoine ag fágáil na scoile go luath agus leibhéil níos airde den éagothroime idirghlúine i dTuaisceart Éireann ná mar atá i bPoblacht na hÉireann.

Is é is aidhm dúinn, faoinár straitéis 'ár dteagmháil le lucht déanta beartais a neartú' agus 'rannpháirteachas an ESRI a leathnú ar choimisiúin, grúpaí athbhreithnithe agus comhlachtaí beartais eile'. Tá an-dul chun cinn déanta ar na spriocanna seo mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh. Tá an Institiúid gníomhach le blianta fada i réimse na heacnamaíochta fuinnimh agus, ó tháinig an ghéarchéim fuinnimh, tá an Roinn Fuinnimh, Aeráide agus Cumarsáide ag iarraidh leas a bhaint as an saineolas sin agus réimsí saineolais eile atá ag an ESRI. Tá an Stiúrthóir ceaptha chuig Grúpa an RCAC don Ghéarchéim Slándála Fuinnimh agus ag feidhmiú mar nasc díreach idir an grúpa sin agus foireann an ESRI. Tá iarrtha ag an RCAC ar an ESRI anailís a dhéanamh ar mhargaí fuinnimh agus bochtaineacht fuinnimh chomh maith le hobair a dhéanamh maidir le dearadh feachtas eolais. Ar an dóigh seo, táthar ag baint leas as ár scileanna taighde agus anailíse in aimsir seo an ghátair.

Rinne an painéal don mheasúnú piaraí trácht ar ábharthacht an taighde atá ar bun ag an Institiúid: 'Tá topaicí iontach ábhartha i measc tosaíochtaí taighde reatha agus le déanaí, lena n-áirítear gnéithe éagsúla a bhaineann le Covid, an Breatimeacht, beartas fuinnimh agus aeráide, taobh le hobair leanúnach ar cheisteanna beartais níos fadtéarmaí, lena n-áirítear iomaíochas, éagothroime, fadhbanna i margadh an tsaothair, trádáil, etc. Chuaigh sé i bhfeidhm ar neart breathnóirí go raibh an Institiúid ábalta aistriú go gasta agus obair nuálach fhiúntach a dhéanamh, go háirithe i gcás Covid-19. Ó thaobh an ábhair féin de, mar sin, bhíothas den tuairim go bhfuil obair an ESRI go han-ábhartha i dtaca le cúiseanna reatha imní faoi bheartas.'

Ba léir agus paindéim Covid-19 ann gur gá eolas tráthúil a thabhairt ar na hathruithe ar an tionchar eacnamaíoch i ngéarchéim den sórt sin. Tá an cás níos deacra arís ós rud é go mbíonn moill shuntasach ann agus meastacháin ar tháscairí eacnamaíocha á n-eisiúint. Agus cás na hÉireann á úsáid againn, léirítear inár dtuarascálacha Nowcasting gur féidir an t-eolas atá i dtáscairí míosúla eacnamaíocha a úsáid chun táscairí atá an-chothrom le dáta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a sholáthar faoin gcreat modheolaíochta a bhaineann le samhail fachtóirí dinimiciúla. Tá an t-aschur á fhoilsiú anois ar bhonn míosúil chun eolas a chur ar fáil do chleachtaí réamhaisnéise gearrthéarmacha.

Is é a rinneadh chun caighdeáin cháilíochta na hInstitiúide a chaomhnú ná gur cuireadh i bhfeidhm próiseas láidir measúnaithe piaraí na hInstitiúide, rinneadh measúnú piaraí seachtrach ar a foilseacháin, agus foilsíodh an t-ábhar in irisí measúnaithe. Ceann de na gníomhartha atá againn ná 'cultúr na forbartha gairmiúla leanúnaí a láidriú'. Dá réir sin, táthar ag tacú le baill foirne cláir oiliúna agus forbartha éagsúla a dhéanamh.

## 2.2 Maoiniú

Tá an ESRI á mhaoiniú go príomha tríd an deontas i gcabhair ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cláir shonracha agus cistí tionscadal. Bhí dúshlán romhainn in 2022, is é go gcaillfimis ioncam cionn is go raibh an tionscadal Fás Aníos in Éirinn le haistriú amach as an Institiúid (Nollaig 2022). Ní raibh aon mhéadú le teacht ar an maoiniú againn ó dheontas-i-gcabhair agus, mar sin, bhí brú níos mó ann foinsí malartacha maoinithe a threisiú.

Mar thoradh ar chomhar leanúnach idir an Institiúid agus maoinitheoirí ar thopaicí móra taighde, rinneadh cláir thábhachtacha thaighde áirithe a athnuachan agus buiséid níos mó ann dóibh. Ceann acu siúd ná an clár atá againn leis an Roinn Sláinte. Tá síneadh curtha leis sin go dtí deireadh 2024 agus buiséad bliantúil nach mór €500,000 ag gabháil leis.

Bímid sa tóir i dtólamh ar chláir agus ar thionscadail úra. D'éirigh linn neart a bhaint amach in 2022 mar sin. D'éirigh leis an Aonad um Thaighde Iompraíochta againn clár nua ar fiú €160,000 a bhaint amach leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ar thaisteal gníomhach). Fuair an Fhoireann Fuinnimh maoiniú €200,000 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun dhá thionscadal a chur i gcrích a bhaineann le hidrigin ghlas. Rinneamar cláir nua a shocrú leis an Údarás Náisiúnta Iompair, an ceann sin maidir le tionscnaimh don taisteal gníomhach, leis an Rialálaí Cearrbhachais agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Fuair an fhoireann Fuinnimh maoiniú nua. Tháinig an chuid is mó de sin ón gcomhar leanúnach rathúil atá ar bun leis an Lárionad Fuinnimh sa Choláiste Ollscoile,

BÁC. Shocraigh an fhoireann Oibre clár nua taighde leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ar deireadh, fuair comhghleacaithe i réimsí na Sláinte agus an Oideachais maoiniú ón mBord Taighde Sláinte chun obair a dhéanamh ar mheabhairshláinte agus folláine i bpáistí agus déagóirí.

Taobh lenár n-iarrachtaí le maoiniú díreach taighde a fháil, chuamar sa tóir ar mhaoiniú a fháil ó Phátrúin Whitaker nua agus ó bhaill chorparáideacha. D'éirigh linn é sin a dhéanamh. Mar chuid dár gclár ballraíochta bhí seisiúin faisnéise ag am bricfeasta, láithreoireachtaí á gcur i láthair ag ár dtaighdeoirí ar thopaicí tráthúla.

Bhíomar buíoch den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as an méadú ar mhaoiniú deontais i gCáinaisnéis 2022. Deontas €3.25 atá ann in 2023. Fágfaidh sé sin go mbeimid in ann taighde tábhachtach ar mhaithe leis an bpobal a dhéanamh gan é a bheith maoinithe ó fhoinsí eile.

## 2.3 Scaipeadh agus cumarsáid

Leanamar aghaidh in 2022 ár gcuid oibre a scaipeadh go gníomhach trínár bhfoilseacháin, imeachtaí, socruithe sna meáin, suíomh gréasáin agus ardáin sna meáin shóisialta.

Rinne an painéal don mheasúnú piaraí trácht ar infheistíocht na hInstitiúide sa chumarsáid: 'Thug páirtithe leasmhara áirithe faoi deara go raibh [an ESRI] tar éis feabhas a chur le cúrsaí cumarsáide le blianta beaga anuas. Aithníodh go raibh an eagraíocht le feiceáil níos mó sna meáin chraolta náisiúnta agus sna meáin shóisialta. Bhí taighdeoirí agus daoine sinsearacha áirithe san Institiúid go speisialta feiceálach.'

Má bhíonn an ESRI rannpháirteach sna meáin, déanann sé sin a chinntiú go bhfeiceann níos mó daoine ár gcuid oibre agus go n-úsáidtear an obair sin mar bhonn eolais i bplé faoi bheartas. Ghlac baill foirne de chuid an ESRI páirt go rialta i gcláir raidió agus ar an teilifís. Tháinig méadú ar thagairtí sna meáin, ráitis a eisíodh sna meáin agus sa chlúdach. Mar shampla, fuair an doiciméad *Energy poverty and deprivation in Ireland* an-chlúdach sna meáin, i bplé sa Dáil a bhain leis chomh maith. Maille leis na heisiúintí sna meáin, chuireamar píosaí tuairimíochta ar fáil chomh maith, dhá cheann san Irish Times ina measc: 'Shared Island: Impact of education on NI's human capital must be addressed', agus 'No point pretending we don't need new sources of fossil fuels'.

Bhí imeachtaí ar an láthair ar ais arís in 2022 chomh maith lenár n-imeachtaí ar líne agus hibrideacha. Cé go bhfuil buntáiste ag baint lenár seimineáir ghréasáin, is é sin gur féidir le lucht féachana níos mó iad a fheiceáil, bíonn deis níos fearr ag daoine inár n-imeachtaí ar an láthair plé le daoine eile agus gréasán a fhorbairt. Bhí topaicí éagsúla i gceist leis na himeachtaí in 2022. Bhí sé de phléisiúr againn fáilte a chur roimh an Aire Paschal Donohoe lenár gcomhdháil bhliantúil Dearcthaí Cáinaisnéise a oscailt agus roimh an Aire Joe O'Brien an staidéar 'Headline Poverty Target Reduction in Ireland and the Role of Work and Social Welfare' a sheoladh. Bhí deis ag an Stiúrthóir labhairt le comhaltaí den Rialtas nuair a rinne sé cathaoirleacht ar an Idirphlé Eacnamaíoch Náisiúnta arís.

Mar chuid den Chomhdháil Chomhpháirteach ar an gComhshaol, Sláinte agus Folláine idir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ESRI, rinneadh plé maidir le réimse leathan rioscaí comhshaoil agus sláinte a bhainistiú agus na dúshláin

atá romhainn i dtimpeallacht atá ag athrú. Bhí imeacht eile ann, 'The Global Emissions Impact of Irish Consumption', inar cuireadh taighde i láthair, arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, maidir leis na hastaíochtaí measta domhanda ón ídiú Éireannach agus an úsáid a bhféadfaí a bhaint as CBL glas chun astaíochtaí bunaithe ar ídiú a laghdú.

Ar deireadh, cuireadh na torthaí ón taighde um Oileán Comhroinnte, 'A North-South comparison of education and training systems: lessons for policy', i láthair do ghrúpa páirtithe leasmhara mar chuid d'imeacht i mBéal Feirste, i gcomhar le hOllscoil Uladh.

## 2.4 Fás Aníos in Éirinn

Nuair a bhí straitéis na hInstitiúide á scríobh in 2018, ní raibh na socruithe curtha i gcrích ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige don chéad chéim eile den tionscadal Fás Aníos in Éirinn. Chun críocha na straitéise, rinneadh na gníomhartha straitéiseacha a dhíriú ionas go mbainfí an úsáid ní ba mhó as na sonraí agus go ndéanfaí sonraí ardchaighdeáin a bhailiú ar bhonn leanúnach.

Lean an ESRI ar aghaidh ag foilsiú taighde bunaithe ar na sonraí ón tionscadal Fás Aníos in Éirinn. Sheol an tAire an Dr Roderic O'Gorman, TD, an tuarascáil 'The changing social worlds of 9-year-olds' a rinneadh mar pháirt de chlár taighde leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Rinneadh cur síos ann ar shaol daoine naoi mbliana d'aois thar thréimhse deich mbliana, agus pléadh an caidreamh a bhí acu lena dteaghlach agus piaraí, gníomhaíochtaí laethúla, agus a rannpháirtíocht san fhoghlaim.

Imeachtaí eile a bhí ann ná an 14ú Comhdháil Taighde bhliantúil don tionscadal Fás Aníos in Éirinn agus Ceardlann Sonraí don tionscadal céanna, cuid de shraith sheanbhunaithe chun na tacair sonraí ón tionscadal a chur chun cinn lena n-úsáid agus tacaíocht a thabhairt ina leith.

Aistríodh an tionscadal Fás Aníos in Éirinn chun na Lár-Oifige Staidrimh i ndeireadh mhí na Nollag, 2022. Rinneadh naonúr ball foirne ón tionscadal Fás Aníos in Éirinn a aistriú chun na Lár-Oifige Staidrimh agus chun na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## 2.5 Acmhainní daonna

Ceann de na dúshláin ba mhó a bhí ann in 2022 ná an obair hibrideach a bhainistiú. Cuireadh tús le clár píolótach don obair chumaisc in 2022. Aithnítear go bhfuil baol ann leis an obair chumaisc go gcaillfear nascacht agus rannpháirteachas. Cuireadh tús le tionscnaimh éagsúla. Sampla acu sin ná comhdhálacha inmheánacha ina mbíonn deis ag baill foirne cur i láthair a dhéanamh ar thopaicí éagsúla agus teagmháil a dhéanamh eatarthu féin go hinmheánach. Déanfar athbhreithniú ar an gclár píolótach in 2023.

Bhain snáithe thábhachtach eile de ghníomhaíocht sna hacmhainní daonna le cothromas inscne. Tá liosta dár luachanna inár straitéis: comhghleacaíocht, comhionannas deiseanna agus meas. I mí na Samhna, d'fhoilsigh an ESRI a Phlean don Chomhionannas Inscne, agus é mar phríomhchuspóir ann lena chinntiú go gcuirfidh an ESRI an comhionannas inscne, ionchuimsitheacht agus éagsúlacht chun cinn go hinmheánach sa chultúr oibre agus go seachtrach ina chuid oibre agus sa teagmháil a dhéantar leis an bpobal. Agus an plean seo don chomhionannas inscne á fhorbairt, tá an Institiúid

tiomanta i dtaca le próisis, cultúir agus struchtúir a ghineann agus a chothaíonn éagothroime agus neamhionannas inscne a scrúdú agus, más gá, a athrú. Féachtar sa phlean lena chinntiú go bhfuil cultúr sábháilte lán tacaíochta le fáil san Institiúid don fhoireann iomlán. Tá struchtúr an phlean don chomhionannas inscne ag teacht leis na ceanglais éigeantacha agus ceanglais mholta atá leagtha amach sa Chreatchlár atá ag Fís Eorpach don Taighde agus Nuálaíocht, 2021–2027. Foireann Féinmheasúnaithe a rinne an plean don chomhionannas inscne a fhorbairt. Daoine ó rannóga éagsúla san Institiúid iad na baill den fhoireann. Úsáidfear an plean mar chuid de phlean eile a bheidh níos cuimsithí agus níos mionsonraithe atáthar a fhorbairt mar pháirt d'iarratas na hInstitiúide ar Athena SWAN atá le cur isteach in 2023.

Bhí gníomhaíochtaí ann fós chun sábháilteacht, sláinte agus folláine ball foirne atá ag obair sa timpeallacht hibrideach a áirithiú. Bhain na gníomhartha le folláine foirne, mar shampla an clár de mheasúnuithe eirgeanamaíocha agus cianoibre, seimineáir agus oiliúint. Cuireadh iniúchadh i gcrích ar bhainistíocht san institiúid ó thaobh sláinte agus sábháilteacht cheirde de. Measúnú iontach dearfach a bhí ann go ginearálta agus moltaí úsáideacha ann. As na gníomhartha iardain, rinneadh measúnuithe riosca breise a fhorbairt chomh maith le socruithe rialachais agus freagrachta a thaifeadadh. Bhí moladh eile ann, infheistíocht a dhéanamh i gcóras sláinte agus sábháilteachta ceirde agus déanfar é sin a fhiosrú in 2023.

Ar deireadh, d'éirigh linn baill foirne ardcháilithe a mhealladh agus a choinneáil arís eile in 2022. Bíodh sin mar atá, táimid ag éirí níos buartha i rith an ama faoi sin, muid amhrasach an mbeimid in ann leanúint ar aghaidh mar sin, agus easpa tithíochta agus an costas mar atá, taobh leis an iomaíocht ón earnáil phríobháideach.

## 2.6 Próisis ghnó

Cúram mór eile a bhí fós ann ná slándáil na teicneolaíochta faisnéise agus fuarthas tuilleadh infheistíochta ina leith dá bharr. Rinneadh tástálacha maidir le leochaileacht. Torthaí dearfacha a bhí i gcuid mhaith acu, ach rinneadh feabhsúcháin áirithe a shonrú agus a chur i ngníomh. Tá plean cibearfhreagartha á chur le chéile.

Agus rátaí áitíochta i bhfoirgneamh an ESRI ar leibhéal níos ísle ná mar a bhí sula raibh an socrú um obair hibrideach ann, rinneadh an cinneadh spás san fhoirgneamh a ligean amach ar cíos. Cuireadh tús le plé ar riachtanais spáis na hInstitiúide feasta agus cultúr hibrideach oibre ann.

Tá trasghearradh de bhaill an ESRI ar Chomhairle an ESRI: lucht léinn, an státseirbhís, gníomhaireachtaí stáit, gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta. Moltar sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur chóir don Chomhairle athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar a héifeachtacht féin gach trí bliana ar a laghad. Cuireadh an t-iniúchadh inmheánach i gcrích in 2022. Torthaí dearfacha a bhí ann go ginearálta. Tá dhá mholadh thábhachtacha á meas. Baineann ceann amháin acu le hionduchtú a chur ar fáil do chomhaltaí nua. Baineann an ceann eile le ceanglais i dtaca le cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht faoi mar a bhaineann le comhaltaí den Chomhairle.

Agus fás ag teacht ar líon, scála agus castacht na dtionscadal, táthar le tús áite a thabhairt do chóras comhtháite bainistíochta tionscadal agus cúrsaí á meas in 2023.

# 3. TAIGHDE IN 2022

Sa chuid seo den doiciméad tá forléargas ar ár ngníomhaíochtaí agus aschuir thaighde in 2022. Tá achoimre ar an taighde in 11 réimse taighde. Tá tuilleadh sonraí ar an taighde agus ar na taighdeoirí atá páirteach ann ar shuíomh gréasáin an ESRI (www.esri.ie).

## 1. Eolaíocht Iompraíochta

San Aonad um Thaighde Iompraíochta, úsáidtear trialacha rialaithe sa tsaotharlann, ar líne agus allamuigh chun cinntí agus cineálacha iompraíochta a iniúchadh i réimsí éagsúla beartais. Tá an chuid is mó den obair a dhéanann an tAonad dírithe ar thorthaí comhshaoil, sláinte agus airgeadais.

Rinne an tAonad dhá staidéar le tomhas a dhéanamh ar an tuiscint atá ag daoine in Éirinn ar an athrú aeráide agus an bhaint idir an tuiscint sin agus tacaíocht don ghníomhú ar son na haeráide. Is iad Bainc-Aontas Éireann a chuir maoiniú ar fáil don chéad cheann. Fuarthas sa cheann sin go gcreideann mórchuid na ndaoine fásta in Éirinn san athrú aeráide arb iad an cine daonna is cúis leis agus go mbíonn siad imníoch ina thaobh. Ní fios dóibh, áfach, na cineálacha iompair a imríonn tionchar ar an aeráide, beag ná mór. Agus buneolas níos fearr ag an duine, bheadh an duine sin níos sásta tacú le cánacha carbóin níos airde. Sa dara staidéar, arna choimisiúnú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, léiríodh go bhfuil daoine óga (16-24 bliana d'aois) ag tacú le gníomh radacach ón rialtas faoin athrú aeráide agus go n-éiríonn siad níos spreagtha gníomhú nuair a chuirtear ar an eolas iad faoin aird atá ag daoine níos sine ar an aeráid chomh maith.

Chuaigh an tAonad um Thaighde Iompraíochta i gcomhar le Banc na hÉireann in obair arna coimisiúnú ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun triail mhór rialaithe randamaithe a dhéanamh a bhí ceaptha le rátaí coigiltis a ardú i dtithe a bheadh i mbaol tuairteanna airgeadais. D'úsáid an fhoireann torthaí ón eolaíocht iompraíochta chun athdhearadh a dhéanamh ar fhoirmeacha iarratais agus margaíocht a bhaineann le cuntas coigiltis ar líne. Mar thoradh ar na hidirghabhálacha tháinig méadú idir 20 faoin gcéad agus 40 faoin gcéad ar líon na gcuntas coigiltis. Chonacthas na torthaí is mó i measc teaghlaigh ísealioncaim.

I dtaighde arna mhaoiniú ag an Roinn Sláinte, dhear an tAonad um Thaighde Iompraíochta triail le fáil amach an mbeadh lipéad 'Scór Cothaithe' ar an taobh tosaigh de phacáiste éifeachtach mar bhealach chun tomhaltóirí a mhealladh le rudaí níos sláintiúla a cheannach. Deimhníodh sa staidéar go bhfuil an lipéad éifeachtach mar bhealach le roghanna i measc tomhaltóirí a fheabhsú. Rud eile a d'imir tionchar, is dócha, nár gur aistrigh cuideachtaí bia i dtreo táirgí a bhfuil Scór Cothaithe níos fearr ag baint leo.

Chuir an tAonad um Thaighde Iompraíochta an Tomhas ar Ghníomhaíocht Shóisialta ar fáil thar cheann Roinn an Taoisigh go dtí Meitheamh 2022. Chuir an tomhas sin eolas ar fáil don fhreagairt leanúnach ar an bpaindéim bunaithe ar mheasúnú gan ainm gach coicís ar ghníomhaíochtaí sóisialta daoine. Mar chuid den obair a rinne an tAonad ar COVID-19 bhí triail inar léiríodh nár thuig daoine

éifeacht na vacsaíne, chomh maith le hathbhreithniú don Roinn Sláinte ar fhógraíocht rathúil don vacsaín. Obair eile a rinneadh san Aonad Taighde Iompraíochta in 2022: iniúchadh ar na cúiseanna a mbíonn deacrachtaí ag tomhaltóirí na táirgí airgeadais a thugann an luach is fearr a roghnú, don Roinn Airgeadais; uirlis chomparáide níos fearr a dhearadh agus a thástáil chun cuidiú le daoine árachas sláinte níos oiriúnaí a roghnú, don Údarás Árachais Sláinte; agus staidéar diagnóiseach ar thuiscint agus toilteanas daoine dramhaíl tí a dheighilt, don GCC.

## 2. Iomaíochas, Trádáil agus IDC

Díríonn taighde ESRI sa réimse seo go príomha ar chúinsí struchtúrtha agus micreacnamaíocha agus beartais atá mar bhonn faoi iomaíochas agus fás eacnamaíoch in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile i gcomhthéacs a bhfuil comhtháthú eacnamaíoch idirnáisiúnta ann. Pléadh na trí théama mhóra seo i dtaighde a rinneadh sa réimse seo in 2022: dúshláin agus deiseanna ag fiontair i réimsí an digitithe, na hinbhuanaitheachta, na nuálaíochta agus na táirgeachta; tarraingteacht i leith infheistíocht dhíreach eachtrach agus na héifeachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus spásúla lena mbaineann; iarmhairtí trádála an Bhreatimeachta.

I dtaighde arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, rinneadh scrúdú ar thábhacht eacnamaíoch cuideachtaí meánmhéide (cuideachtaí meánchaipitlithe, cuideachtaí a bhfuil 250 fostaí ach níos lú ná 1,500 fostaí iontu) i mBallstáit de chuid an AE agus ar na dúshláin faoi leith atá roimh na cuideachtaí seo, go háirithe i réimsí na nuálaíochta, an digitithe agus na hinbhuanaitheachta. Tá sé le tuiscint as na torthaí is tábhachtaí go dtagann fás níos gasta ar chuideachtaí meánchaipitlithe ná mar a thagann ar fhiontar tipiciúil sa chuid is mó de Bhallstáit an AE. Tá an chuid is mó de chuideachtaí meánchaipitlithe gníomhach ar mhargaí taobh amuigh den AE. Fochuideachtaí de chuideachtaí ilnáisiúnta is ea cuid mhaith acu. As na cúinsí a chuireann isteach ar fhás cuideachtaí meánchaipitlithe, is iad na cinn is dúshlánaí ná deacrachtaí teacht ar fhostaithe, bacainní i slabhra an tsoláthair, cúrsaí rialála agus an t-ualach riaracháin. Tháinig an méadú ar phraghsanna fuinnimh chun cinn mar dhúshlán suntasach ag cuideachtaí meánchaipitlithe le cúpla mí anuas.

I dtaighde arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach a foilsíodh in 2022, rinneadh iniúchadh ar iarmhairtí ó fhiontair chleamhnaithe choigríche de chuid cuideachtaí ilnáisiúnta ar ghníomhaíochtaí trádála gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach. Tugann na torthaí le tuiscint go mbíonn naisc le cleamhnaithe eachtracha i slabhra an tsoláthair ag cuidiú le gnóthais faoi úinéireacht Éireannach a n-onnmhairí agus allmhairí a éagsúlú agus, san am céanna, go bhfuil baint idir láithreacht eachtrach níos mó sa réigiún céanna agus laghdú na táirgí atá á n-allmhairiú agus á n-onnmhairiú ag gnóthais áitiúla. Má bhíonn siad rannpháirteach i ngníomhaíocht taighde agus forbartha, bíonn gnólachtaí áitiúla in ann cuid de na héifeachtaí diúltacha a mhaolú a bhíonn ann mar gheall ar ghnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach a bheith sa réigiún céanna agus, dá bharr, leasanna an ghnólachta áitiúil a thagann as naisc i slabhra an tsoláthair a fheabhsú.

I dtaighde arna mhaoiniú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, rinneadh iniúchadh ar na gnéithe comhchoiteanna a bhainfeadh le húsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus straitéisí oiriúnaithe don athrú aeráide ar leibhéal an ghnólachta.  Ar na torthaí is suntasaí a tháinig as, fuarthas go bhfuil seans níos mó ann go mbeidh leibhéil níos airde den digitiú agus pleananna gníomhaithe ar son na haeráide i bhfeidhm i ngnólachtaí atá níos mó agus níos táirgiúla. Fuarthas sa

taighde céanna go bhfuil dearcadh dearfach ag sciar réasúnta mór de ghnólachtaí faoin tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil i leith na haeráide. Gan aon tuairisciú ar ghníomhaíochtaí daingne, áfach, is dócha go bhfuil bearna bheartais ann ar chóir rud éigin a dhéanamh faoi.

I dtaighde a rinneadh mar chuid den réimse taighde seo, rinneadh measúnú ar thionchar an Bhreatimeachta ar chúrsaí trádála idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe bunaithe ar anailís a rinneadh ar shreafaí mionsonraithe táirgí idir an dá cheann acu. Cuireadh athruithe i modheolaíocht sonraí san áireamh san obair seo, agus fuarthas gur chuir an Breatimeacht isteach go mór ar an trádáil idir an AE agus an Ríocht Aontaithe i gcomparáid leis an gcás mura dtarlódh an Breatimeacht, an méid sin i gcoibhneas le trádáil an AE leis an gcuid eile den domhan.

Rinneadh taighde in 2022 ar scaipeadh teicneolaíochtaí digiteacha agus tionchar an scaipthe sin ar an nuálaíocht agus táirgiúlacht i ngnóthais in Éirinn. Creidtear go mbeidh na torthaí ón taighde sin ann in 2023. Bhí snáithe amháin den taighde seo dírithe ar scaipeadh na hintleachta saorga. Rinneadh an taighde sin i gcomhar le foireann eacnamaithe ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

Cuireadh tús le dhá thionscadal taighde 2022. Creidtear go mbeidh na torthaí ann uathu in 2023. I dtaighde atá á mhaoiniú ag an Roinn Airgeadais, tá iniúchadh á dhéanamh ar na héifeachtaí is dócha a thiocfaidh as na leasuithe atá molta ar cháin dhomhanda ar mhealltacht na hÉireann don infheistíocht dhíreach eachtrach agus na héifeachtaí gaolmhara ar an ngeilleagar go ginearálta go meántéarmach agus go fadtéarmach. I dtionscadal taighde mórscála atá á mhaoiniú faoin gclár Fís Eorpach sa Choimisiún Eorpach, tá iniúchadh ar bun ar neamhionannas eacnamaíoch, sóisialta agus spásúil san AE sa chomhthéacs go bhfuil níos mó dúshláin dhomhanda ann. Tá foireann taighde an ESRI mar pháirt de Chuibhreannas Taighde Eorpach ina bhfuil eagraíochtaí taighde ó 10 dtír de chuid an AE agus ón Ríocht Aontaithe.

Bhí tionchar ag taighde a rinneadh ar an réimse seo roimhe seo agus tionscnaimh bheartais agus cinntí beartais éagsúla á gcur le chéile in 2022. Tá taighde ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar tharraingteacht oileán na hÉireann don IDC ardluacha, taighde a rinneadh i gcomhar le Roinn an Taoisigh, i ndiaidh tionchar a imirt ar thionscnaimh bheartais éagsúla arb é is aidhm dóibh an infheistíocht phoiblí uile-oileáin sa taighde agus dearadh a mhéadú, tionscnaimh mar na Comhionaid don Taighde agus Nuálaíocht agus an Clár Taighde Thuaidh-Theas san earnáil ardoideachais, mar aon le ceapadh beartais i gcomhthéacs na Straitéise um 10x sa Trádáil agus Infheistíocht i dTuaisceart Éireann. Rinne an ESRI taighde i gcomhar le Skillnet Ireland ar riachtanais scileanna chun tacú leis an nuáil fiontraíochta agus leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá an taighde sin mar bhonn eolais chun Clár Ceannairí Inbhuanaitheachta a dhearadh agus a sheoladh a thugann tacaíocht do cheannairí san fhiontraíocht an inbhuanaitheacht a fhí isteach ina straitéis ghnó. Tá an clár á thairiscint ag an Acadamh um Ullmhacht Aeráide i gcomhar le Chambers Ireland agus Skillnet Ireland.

## 3. Oideachas

I réimse taighde an ESRI a bhaineann leis an Oideachas, clúdaítear gach leibhéal den chóras oideachais in Éirinn: oideachas luath-óige, bunoideachas, meánoideachas, breisoideachas agus ardoideachas.

Bhí taighde a rinneadh in 2022 dírithe ar neamhionannas oideachais, torthaí oideachais i measc leanaí a mbaineann cúlra imirceach leo, tionchar phaindéim COVID-19, agus beartas agus soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Cuimsíonn an obair taighde trasnáisiúnta chomh maith le staidéir atá dírithe ar an oideachas in Éirinn.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh um Infheistíocht Ardchaighdeáin san Oideachas agus Oiliúint a thuarascáil deiridh. Bhí taighdeoir de chuid an ESRI mar chuid den sainghrúpa. Díríodh sa tuarascáil ar an ngá atá le luath-idirghabháil le cothromas oideachais a dheimhniú. Rinneadh cáineadh ar an leithscaradh i scoileanna agus an rianú ar chumas mar bhealaí ina ndéantar an neamhionannas a threisiú.

I dtaighde comparáideach a rinneadh don Aonad um Oileán Comhroinnte le comhghleacaithe i réimse mhargadh an tsaothair, léiríodh go bhfuil rátaí níos airde de dhaoine ag fágáil na scoile go luath agus leibhéil níos airde den éagothroime idirghlúine i dTuaisceart Éireann ná mar atá i bPoblacht na hÉireann. Léiríodh in agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara na dúshláin chomhchoiteanna atá sa dá dhlínse a bhaineann le cothromas agus comhionannas oideachais a áirithiú.

Agus sonraí ón staidéar Fás Aníos in Éirinn á n-úsáid, léirigh dhá pháipéar go bhfuil seans níos mó ann go bhfágfaidh daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu an scoil go luath agus go bhfuil seans níos lú ann go rachaidh siad ar aghaidh chuig an ardoideachas i gcomparáid le daltaí gan riachtanais den chineál sin. Agus idirdhealú á dhéanamh idir cineálacha difriúla de riachtanais speisialta oideachais, léirigh na torthaí chomh maith go raibh níos lú daoine ag dul isteach san ardoideachas ina measc siúd a bhfuil deacrachtaí soch-mhothúchánacha acu, fiú agus tréithe faoi leith á rialú sa taighde.

Mar pháirt de chlár taighde leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, léiríodh i dtuarascáil a foilsíodh i mí an Mhárta go ndéanann leanaí a mbaineann cúlra imirceach leo dul chun cinn suntasach san fhorbairt teanga sa Bhéarla agus iad idir trí bliana agus naoi mbliana d'aois ach go mbíonn na scóir léitheoireachta níos ísle ina measc ná mar a bhíonn i measc leanaí a mbaineann cúlra Éireannach leo. Foilsíodh tuarascáil i mí na Samhna ina ndearnadh comparáid idir ghrúpaí páistí naoi mbliana d'aois agus deich mbliana eatarthu. Tugadh le tuiscint gur éirigh difríochtaí inscne i dtuairimí i leith mata níos leithne le himeacht ama agus gur tháinig méadú ar an éagothroime re réir cúlra sóisialta i dtaca le léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr. Sa tríú tuarascáil faoin gclár seo, a foilsíodh i mí an Mheithimh, tugadh cuntas ar an méid a chuir an phaindéim isteach ar an rannpháirtíocht sa bhreisoideachas agus san ardoideachas agus ar na héifeachtaí diúltacha ar an meabhairshláinte i measc daoine fásta óga.

Chuaigh an obair ar aghaidh don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar staidéar mórscála faoi chonairí iarscoile i measc daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Beidh an staidéar

tábhachtach chun soláthar a mhúnlú do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i scoileanna speisialta agus scoileanna príomhshrutha agus i ndiaidh na scoile go ginearálta.

Cuireadh tús le staidéar nua i mí Mheán Fómhair ar mhodhanna measctha ar son Chomhchoiste na mBainisteoirí ar Mheánscoileanna Deonacha. Cuirfidh an staidéar freagra ar fáil ar an gceist maidir leis an méid a thugann meánscoileanna deonacha do dhaltaí agus don phobal i gcomhthéacsanna agus suíomhanna difriúla.

Chuathas ar aghaidh leis an obair ar an staidéar PIONEERED, tionscadal atá á mhaoiniú ag Fís 2020 a bhaineann le neamhionannas oideachais ar fud na hEorpa. Cuireadh tús leis an obair ar an staidéar ESSPIN fosta. Staidéar é sin atá á mhaoiniú ag Fís Eorpach a bhaineann le neamhionannas sóisialta, eacnamaíoch agus spásúil san Aontas Eorpach sa chomhthéacs go bhfuil níos mó dúshláin dhomhanda ann.

## 4. Fuinneamh, Comhshaol agus Bonneagar

Tá taighde ar chúrsaí fuinnimh agus aeráide á mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Coimisiún um Rialáil Fóntas, BSL, Líonraí Gáis Éireann, EirGrid, SSE Ireland, Viridian, Terra Solar, An Fhondúireacht Phobail d'Éirinn, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá taighde ar an gcomhshaol á mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Comhaontas um an Athrú Aeráide. Tá taighde ar líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí á mhaoiniú ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

I gclár taighde an ESRI ar Aeráid, Fuinneamh agus an Geilleagar, bhíothas ag leanúint ar aghaidh le samhail anailíseach an chláir, I3E (Aeráid, Fuinneamh agus Geilleagar Éireann). Cuireadh aschuir thaighde amach, measúnú ar an tionchar a bhaineann le cánachas eitlíochta ina measc, chomh maith leis an tionchar dáileacháin a bhaineann leis an aistriú ó cháin bhreisluacha (CBL) go cáin charbóin. Rinneadh astaíochtaí carbóin na hÉireann a ríomh bunaithe ar bhonn ídithe seachas ar bhonn táirgeachta i dtaighde a rinneadh. Fuarthas go bhfuil astaíochtaí na hÉireann 76 faoin gcéad níos airde nuair a dhéantar iad a ríomh bunaithe ar bhonn ídithe seachas nuair a dhéantar iad a ríomh ar bhonn táirgeachta.

Baineann taighde atá ar bun ag an Lárionad Taighde um Beartas Fuinnimh le topaicí amhail éifeachtúlacht fuinnimh cónaithe, bochtaineacht fuinnimh agus margaí leictreachais. Léiríodh i dtaighde a rinneadh ar hidrigin ghlas in earnáil an leictreachais go bhféadfaí deiseanna a bheith ann don arbatráiste agus trádáil straitéiseach idir gnóthais i margaí lá roimh ré agus cothromúcháin, agus go bhféadfadh gnóthais leictrealóra ról suntasach a ghlacadh i gcomhardú córais leictreachais. Léirínn taighde ar mhoilleanna pleanála agus rialála in earnáil an fhuinnimh an tionchar atá ag a leithéid ar chostais agus praghsanna níos airde sa chóras, chomh maith leis an tionchar i dtaca le spriocanna astaíochtaí 2030 a bhaint amach. Rinneadh scrúdú i roinnt staidéar ar impleachtaí don bhochtaineacht fuinnimh i gcomhthéacs ghéarchéim an chostais maireachtála, lena n-áirítear an freagra beartais is éifeachtúla (e.g., íocaíochtaí leasa shóisialaigh, cánachas díreach a ghearradh, íocaíochtaí cnapshuime) chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Tá sé le tuiscint as

taighde ar Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh cónaithe go bhféadfadh toradh astaíochtaí CO2 an-éagsúil leis an toradh a beartaíodh a bheith ann ach spriocanna beartais a nascadh le caighdeán sonrach de na rátálacha sin (B2).

Rinneadh socrú in 2022 go gcuirfí síneadh eile dhá bhliain le clár taighde an GCC maidir le heacnamaíocht chomhshaoil. Tá 14 thionscadal sa chlár nua a chlúdaíonn topaicí san eolaíocht iompraíochta, cúrsaí sláinte agus cúrsaí aeráide. Foilsíodh taighde in 2022 ar éifeachtúlacht theicniúil feirmeacha agus íocaíochtaí comhshaoil, agus ar infheistíochtaí glasa agus feidhmíocht gnólachtaí. Chuaigh an ESRI ar aghaidh agus thug fianaise do chlár rialaithe radóin an GCC. Foilsíodh taighde iompraíochta maidir leis an dearadh don léarscáil nua an riosca radóin in Éirinn i Márta 2022. Cuireadh an tionscadal NOISE-HEALTH, arna mhaoiniú ag an GCC, i gcrích in 2022 nuair a foilsíodh an tuarascáil deiridh. I dtaighde eile ón tionscadal sin, a eisíodh i Lúnasa 2022, úsáideadh sonraí ó Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú lena léiriú go bhfuil baint ann idir torann ó thrácht bóthair agus caighdeán maireachtála níos ísle i measc an daonra scothaosta i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh. Cuireadh tús le tionscadal nua bunaithe ar éifeachtaí sláinte an athraithe aeráide in 2022, é á mhaoiniú ag an gComhaontas Sláinte Aeráide.

Sa chlár um thaighde uisce, i gcomhar leis an RTRÁO, rinneadh iniúchadh ar thuairimí agus cúiseanna a bhí ag feirmeoirí taobh thiar dá bhfreagairt ar ghníomhartha chun truailliú uisce a mhaolú i gcomhthéacs an Chláir Tacaíochta agus Chomhairligh um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta. I dtaighde sa chlár taighde maidir le cumarsáid leictreonach, arna mhaoiniú ag an RCAC agus ComReg, rinneadh iniúchadh ar an gcearrbhachas i measc daoine óga. Fuarthas go raibh baint láidir ann idir rátaí níos airde den chearrbhachas agus fir atá páirteach i spórt foirne.

Sa réimse taighde seo, reáchtáladh naoi gcinn de chomhdhálacha poiblí, seimineáir ghréasáin nó seimineáir. Tugadh fianaise do choistí Oireachtais in 2022.

## 5. Fás Aníos in Éirinn

Is éard is Fás Aníos in Éirinn ann an staidéar náisiúnach fadaimseartha ar leanaí in Éirinn. Tá an staidéar á mhaoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus á bhainistiú go comhpháirteach ag an Roinn sin agus an Lár-Oifig Staidrimh.

Tá an taighde á dhéanamh ag cuibhreannas de thaighdeoirí neamhspleácha san ESRI agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá plé ar dhá chohórt sa staidéar: Cohórt ‘98 (ó bhí siad naoi mbliana d’aois) agus Cohórt ‘08 (ó bhí siad naoi mí d’aois).

Cuireadh an obair allamuigh i gcrích in 2022 agus Cohórt ’08 13 bliana d’aois. Chomh maith leis sin, foilsíodh tuarascáil ar riachtanais taighde i gcomhar leis an RLCMLÓ, an tuarascáil sin beartaithe le heolas a chur ar fáil don chúigiú babhta de bhailiú sonraí (an cineál bailithe sonraí agus an méid a bheadh ann) agus Cohórt ’98 25 bliana d’aois. Agus na tosaíochtaí don bhailiú sonraí á sainaithint, tarraingíodh ar athbhreithniú ar an litríocht agus ar cháipéisí beartais, suirbhé ar an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta agus páirtithe leasmhara ábhartha agus comhairliúchán leo, agus grúpaí fócais le daoine fásta sna lár 20idí. Rinneadh an tuarascáil a struchtúrú bunaithe ar réimsí lárnacha spéise taighde: oideachas/oiliúint; taithí agus ioncam i margadh an tsaothair; sláinte coirp;

meabhairshláinte agus folláine mhothúchánach agus shóisialta; caidrimh; rannpháirteach saoránach; cúiseanna imní agus spriocanna. Foilsíodh an tuarascáil theicniúil ar an gclár píolótach i dtaca le Cohórt '08 agus iad 13 bliana d'aois ar líne chomh maith.

Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil 2022 den staidéar Fás Aníos in Éirinn i mí na Bealtaine. Imeacht fíorúil a bhí ann agus d'oscail an tAire an Dr Roderic O'Gorman TD é. An tOllamh Alissa Goodman, Coláiste na hOllscoile, Londain, a thug an spreagaitheasc. Seoladh an tuarascáil ar riachtanais taighde i dtaobh daoine atá 25 bliana d'aois le linn na comhdhála. Ina theannta sin, bhí seacht gcur i láthair ann maidir le sonraí ón staidéar Fás Aníos in Éirinn a úsáid. Chuir taighdeoirí ESRI páipéir i láthair maidir le conairí iarscoile i measc daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, daoine óga ag dul isteach san ardoideachas ina measc siúd lena mbaineann cúlra imirceach, scileanna digiteacha, daoine ag dul don eolaíocht agus teagmháil ar líne.

D'aistrigh baill d'fhoireann an staidéir go dtí an RLCMLÓ agus chun na Lár-Oifige Staidrimh i ndeireadh 2022. Bhí imeacht ann ar an 6 Samhain le slán a fhágáil acu siúd a bhí ag aistriú.

## 6. Sláinte agus Caighdeán na Beatha

Rinneadh taighde sláinte in 2022 i réimsí a bhaineann le hathchóiriú na seirbhíse sláinte agus leis an tsláinte phoiblí.  Bhí an taighde ar an tseirbhís sláinte dírithe ar fhorbairt níos mó a dhéanamh ar shamhail réamh-mheastacháin Hippocrates den éileamh agus caiteachas cúraim sláinte. In obair eile sa réimse seo rinneadh scrúdú ar na himpleachtaí costais a bheadh ann dá gcuirfí leis an gcáilitheacht le haghaidh cúram dochtúra ghinearálta atá saor in aisce ag an bpointe úsáide agus inbhuanaitheacht earnáil an chúraim chónaithe fadtéarma. I dtaighde maidir leis an tsláinte phoiblí, rinneadh scrúdú ar neamhionannas socheacnamaíoch ó thaobh mortlaíochta de, tionchar phaindéim COVID-19 ar mheabhairshláinte daoine óga, agus an tionchar atá ag coinníollacha timpeallachta ar shláinte agus folláine an duine.

Foilsíodh taighde arna mhaoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí an Mheithimh inar úsáideadh sonraí ó na suirbhéanna speisialta faoi COVID-19 ón staidéar Fás Aníos in Éirinn. Fuarthas amach sa taighde go raibh ceathrar as gach deichniúr fear 22 bhliain d'aois agus níos mó ná leathchuid (55%) de mhná 22 bhliain d'aois aicmithe mar dhaoine faoi dhúlagar i Nollaig 2020. Bhí na figiúirí sin i bhfad níos airde ná mar a bhí dhá bhliain roimhe. An t-am sin, aithníodh go raibh 22 faoin gcéad d'fhir agus 31 faoin gcéad de mhná faoi dhúlagar.

Foilsíodh taighde arna mhaoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí Iúil. Baineadh feidhm as Samhail Hippocrates an ESRI ann. Rinneadh scrúdú sa taighde ar riachtanais san fhórsa saothair in ospidéil ghéarmhíochaine. Fuarthas go mbeidh sé riachtanach cur go suntasach le fórsa saothair ospidéal i ngach réigiún agus i ngach catagóir foirne idir seo agus 2035.

Foilsíodh tuarascáil ina ndearnadh iniúchadh ar an neamhionannas i gcúrsaí mortlaíochta i mí Mheán Fómhair. An Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn a mhaoinigh an taighde. Fuarthas amach go bhfuil rátaí mortlaíochta tar éis titim go suntasach le himeacht ama in Éirinn, ach go bhfuil neamhionannas fós ann i measc grúpaí éagsúla sa daonra. Mar shampla, bhí an ráta mortlaíochta in 2018 i measc daoine fásta sa ghrúpa socheacnamaíoch is lú buntáiste a dhá oiread níos airde ná an ráta sa ghrúpa

is mó buntáiste. Fuarthas amach go bhfuil rátaí i bhfad níos airde den mhortlaíocht imbhreithe i measc máithreacha a rugadh san Afraic ná mar atá sna grúpaí eile ar fad.

Foilsíodh taighde arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí Mheán Fómhair inar úsáideadh sonraí ó Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú chun iniúchadh a dhéanamh ar an mbaint idir sáruithe E. coli i soláthairtí uisce óil agus úsáid cúraim sláinte i measc daoine scothaosta. Fuarthas sa taighde, in áiteanna a braitheadh E. coli san uisce, go raibh seans níos mó ann go mbainfí úsáid as réimse seirbhísí sláinte, cuairteanna ar an dochtúir ginearálta agus ar ranna éigeandála san áireamh, agus ar oícheanta a caitheadh san ospidéal.

Chuathas ar aghaidh in 2022 leis an obair ar an tionscadal, á mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte, ina bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar inbhuanaitheacht an chúraim chónaithe fadtéarma. Cuireadh tús le tionscadal taighde nua i mí Mheán Fómhair atá ag díriú ar an tionchar ó íosphraghas ar aonad alcóil. Cuireadh tús le clár nua taighde ar réamh-mheastacháin faoin lucht saothair i mí na Nollag, an clár sin á mhaoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cuireadh tús le dhá thionscadal taighde nua i mí na Nollag, ceann acu le hiniúchadh a dhéanamh ar an meabhairshláinte agus folláine ón óige go dtí na déaga (á mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte) agus ceann eile ar shláinte agus folláine gnéis in aosaigh óga (á mhaoiniú ag FSS).

I mí Dheireadh Fómhair, labhair taighdeoirí le Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid ar Thodhchaí Bhunreachtúil Oileán na hÉireann agus le Cácas Parlaiminte na mBan.

## 7. Margadh an tSaothair agus Scileanna

Rinneadh taighde in 2022 ar cheisteanna éagsúla. Eisíodh foilseacháin nua éagsúla nó cuireadh i gcrích iad. D’fhoilsigh an fhoireann dhá thuarascáil, á maoiniú ag an Aonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh. Tá iniúchadh déanta sna tuarascálacha ar na difríochtaí ar an dá thaobh den teorainn san oideachas agus táirgiúlacht.

Foilsíodh dhá staidéar, iad á mhaoiniú ag an gCoimisiún um Pá Íseal: ceann acu ar thionchair ilchineálacha athruithe san íosphá ar na huaireanta oibre a dhéantar, agus ceann eile ar bhunioncam uilíoch d’Éirinn agus fianaise ón litríocht idirnáisiúnta ann.

Rinneadh athbhreithniú sa staidéar maidir le bunioncam uilíoch ar na buntáistí agus míbhuntáistí a d’fhéadfadh a bheith le beartas um bunioncam uilíoch. Tugadh moltaí ann fosta faoi mholtaí i dtaobh aon chlár píolótach do bhunioncam uilíoch in Éirinn a dhearadh. Ó thaobh buntáistí a d’fhéadfadh a bheith ann, dá mbeadh bunioncam uilíoch ann ní bheadh na cásanna ann ina mbeadh daoine ag déanamh rogha gan obair a dhéanamh le sochar de réir tástála acmhainne a choinneáil. Tá seans ann go dtabharfadh a leithéid an tsaoirse do dhaoine diúltú d’obair dhúshaothraithe nó obair ar phá íseal nó obair mar sin a fhágáil chun tabhairt faoi dheiseanna fostaíochta níos fearr. Mar sin féin, is dócha go mbeadh bunioncam uilíoch costasach, fiú mura mbeadh cineálacha eile sochar ag teastáil (sochar dífhostaíochta, mar shampla). Dá gcuirfí bunioncam uilíoch i bhfeidhm in Éirinn in 2019, meastar go bhféadfadh ollchostas gar do €50 billiún sa bhliain a bheith i gceist.

Maidir le staidéar arna mhaoiniú ag an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta, samhail staitistiúla PEX um próifíliú a chalabrú arís, samhail atá á húsáid in oifigí Intreo, tá an obair sin curtha i gcrích agus tá fhoireann ag cabhrú leis an RGFCS an tsamhail a chur chun feidhme.

Tá dul chun cinn déanta ag taighdeoirí ar thuarascáil i dtaca le táscairí chun faireachán a dhéanamh ar leibhéil folláine faoin tuath, tuarascáil atá á maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Chuir an fhoireann staidéar i gcrích le linn na bliana ina ndearnadh iniúchadh ar an nasc idir díothacht ar leibhéal an limistéir agus iarmhairtí eacnamaíocha COVID-19 faoi chlár taighde á mhaoiniú ag Pobal.

Síníodh comhpháirtíocht i nDeireadh Fómhair 2022 ar chlár taighde nua ina mbeifear ag díriú ar cheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair agus scileanna in Éirinn idir an ESRI agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Rinneadh dul chun cinn san obair ar thionscadail éagsúla agus iad á maoiniú ag an Aontas Eorpach. Foilsíodh tuarascáil ina ndearnadh an ráchairt ar oibrithe blocshlabhra san Eoraip a thuar, agus soláthar na n-oibrithe sin. Rinneadh an tuarascáil a mhaoiniú faoin tionscadal CHAISE, á mhaoiniú faoi Erasmus+. Chuir an ESRI obair i gcrích fosta ar iniúchadh níos mionsonraithe ar an tionscal blocshlabhra in Éirinn, mar pháirt de thionscadal Untangled, á mhaoiniú faoin gclár Fís 2020. Cuireadh tús le taighde ar an dífhostaíocht i measc na hóige san Eoraip faoi dhámhachtain Cowork4YOUTH, an dámhachtain sin á maoiniú ag Ciste Deontas na hIorua, an LEE.

Taighde iontach nuálach a bhí sa taighde a rinneadh don Aonad um Oileán Comhroinnte. Bhí an taighde ar an gcéad anailís uile-oileáin a rinneadh ar sholáthar oideachais agus táirgiúlacht. Tugadh le tuiscint sa taighde ar dhifríochtaí oideachais Thuaidh/Theas go bhfuil leibhéil i bhfad níos airde d’fhágáil na scoile go luath agus easpa soláthair breisoideachais i dTuaisceart Éireann. Ceann de na príomhthorthaí eile a tháinig as an staidéar ná go bhfuil rath ar an obair a dhéanann DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) chun dul i ngleic le neamhionannas i ndeiseanna oideachais.

San fhoilseachán ar tháirgiúlacht, léiríodh go bhfuil bearna 40 faoin gcéad san aschur in aghaidh an oibrí tar éis teacht chun cinn idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann le fiche bliain anuas.

## 8. Maicreacnamaíocht

Rinne an clár taighde maicreacnamaíoch plé an méid atá i ndán do gheilleagar na hÉireann, chomh maith le ceisteanna amhail tionchar na paindéime agus tionchar an chogaidh san Úcráin ar an gcaoi a bhfuil gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag feidhmiú, naisc idir an macraigheilleagar agus an earnáil airgeadais, an margadh tithíochta agus an geilleagar uile-Éireann. Tá an rannán Maicreacnamaíochta tar éis plé a dhéanamh le réimse leathan páirtithe leasmhara in 2022, chomh maith le heolas a chur ar fáil do choistí éagsúla Oireachtais.

Mar pháirt de chomhchlár taighde atá fós ar bun idir an ESRI, an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim, rinneadh iniúchadh ar thionchar na paindéime ar fheidhmíocht gnóthas beag agus meánmhéide agus ar chomh fada is a rinneadh tionchar na paindéime a chúrsaí airgeadais a

mhaolú mar thoradh ar idirghabhálacha beartais. San obair sa réimse seo, rinneadh iniúchadh ar an tionchar a bhain leis na mbrú láithreach a bhí ann chun rudaí a athrú mar gheall ar an bpaindéim i dtaca leis na dreasachtaí agus acmhainní a bhí ag Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide chun infheistíocht a dhéanamh i gcineálacha éagsúla sócmhainní. Mar chuid den chlár taighde seo tá measúnú atá le foilsiú fós ar thionchar an chogaidh san Úcráin ar gheilleagar na hÉireann chomh maith le hiniúchadh ar rátaí iontrála agus imeachta cuideachtaí.

Mar chuid den chlár taighde leis an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim bhí obair chun cumas mhúnla maicreacnamaíoch na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, COSMO, a fhás, bunaithe ar fhorbairt a dhéanamh ar shatailít airgeadais chun dul leis an múnla sin ionas go bhféadfaí obair a dhéanamh amach anseo ar chásanna eacnamaíocha chun measúnuithe a dhéanamh ar bhealaí airgeadais agus ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais a d’fhéadfadh a bheith ann. In 2022, thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tacaíocht do thaighde faoin earnáil tógála a thabhairt isteach i samhail COSMO.

Faoin gclár comhpháirteach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, rinneadh taighde inar pléadh an fhianaise idirnáisiúnta agus taithí na hÉireann le beartais cobhsaithe cíosa. Chuaigh an ESRI ar aghaidh leis an Innéacs Cíosa ráithiúil a chur ar fáil don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe i rith 2022. Úsáidtear an t-innéacs chun cinneadh a dhéanamh faoi na toghcheantair atá le bheith ceaptha mar Chriosanna Brú Cíosa.

Bhí taighde mar pháirt den chlár comhpháirteach le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) dírithe ar an ngeilleagar i dTuaisceart Éireann, ar an ngeilleagar uile-oileáin, agus ar naisc leis an ngeilleagar go ginearálta sa Ríocht Aontaithe agus an geilleagar domhanda. Tá samhail mhaicreacnamaíoch de Thuaisceart Éireann á forbairt go sonrach i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (NIESR) i Londain. Lena chois sin, tá taighde go dtí seo dírithe ar struchtúr na trádála idirnáisiúnta earraí i gcás na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

San fhoilseachán an Quarterly Economic Commentary (QEC), tugtar anailís ar fhorbairtí eacnamaíocha le gairid i ngeilleagar na hÉireann chomh maith le tuartha gearrthéarmacha a bhaineann le táscairí tábhachtacha eacnamaíocha. Dhírigh an tráchtaireacht in 2022 go mór ar thionchar an chogaidh san Úcráin agus ar éifeachtaí an bhoilscithe aird agus athruithe tar a éis sin ar bheartas airgeadaíochta. Rinneadh taighde breise ar na rioscaí don soláthar intíre leictreachais, ar an méid a dhéanann an earnáil TFC in Éirinn agus ar inbhuanaitheacht cánacha corparáide. Rinneadh samhail Nowcasting a sheoladh in 2022 chun tacú leis na cleachtaí réamhaisnéise a cuireadh i gcrích sa tráchtaireacht. Foilsítear réamh-mheastacháin ón nowcast i sraith mhíosúil.

## 9. Imirce, Imeascadh agus Déimeagrafaíocht

Tá taighde a bhaineann leis an imirce, lánpháirtiú agus déimeagrafaíocht dírithe ar lánpháirtiú imirceach, ar threochtaí imirceach agus ar bheartas. Na príomhthéamaí a bhí ann in 2022 ná lánpháirtiú ban imirceach, cúrsaí tithíochta agus teaghlaigh i measc na n-imirceach, tuarastal agus coinníollacha oibre na n-imirceach, lánpháirtiú leanaí ar imircigh iad, treochtaí in iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, gáinneáil agus imirce gan aon cháipéisí.

Is é an ESRI pointe teagmhála náisiúnta na hÉireann i nGréasán Imirce na hEorpa, á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus an Roinn Dlí agus Cirt. I dtuarascáil i mí Aibreáin maidir le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine a bhrath, a aithint agus a chosaint, dhírigh údair Ghréasán Imirce na hEorpa, Éire, aird ar na dúshláin reatha a bhaineann leis an mbeartas, dúshláin ar nós ról an Gharda Síochána mar an t-aon údarás atá ann le daoine a aithint agus tithíocht mhíchuí le haghaidh na n-íospartach sin.

Foilsíodh staidéar ar fhreagraí maidir le himircigh gan doiciméid i mí na Bealtaine. Fuarthas go bhféadfadh scéim tugtha chun rialtachta 2022 méid an ghrúpa a laghdú go suntasach, ach go bhfuil dúshláin bheartais fós ann dóibh siúd nach dtugtar chun rialtachta, cuir i gcás forálacha maidir le balla dóiteáin i gcás seirbhísí poiblí, lena ndéantar a dheimhniú nach gcuirfear stádas imirce duine mar dhuine gan cáipéisí inimirce in iúl.

Titeann snáithe eile de thaighde sa réimse go ginearálta faoin gclár taighde um Lánpháirtiú agus Comhionannas atá á mhaoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Rinneadh plé i dtuarascáil faoin gclár seo i mí Aibreáin ar chúrsaí tithíochta agus teaghlaigh i measc na n-imirceach in Éirinn.  Úsáideadh micreashonraí ó Dhaonáireamh 2016 sa tuarascáil, agus fuarthas amach go bhfuil imircigh lonnaithe san earnáil phríobháideach cíosa. Tá riosca i bhfad níos airde ann i measc grúpaí imirceach go leor roimh an róphlódú agus easpa dídine ná i measc grúpaí daoine a rugadh in Éirinn.

Foilsíodh staidéar i mí na Samhna ina ndearnadh iniúchadh ar thosca a chuireann leis an méadú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta sa chéad leath de 2022. Fuarthas amach sa tuarascáil gur dócha go raibh tionchar ar an méadú sin tar éis COVID-19 ag an imirce chúitimh, coinníollacha agus coimhlint i dtíortha tionscnaimh agus gluaiseacht dídeanaithe ó Bhallstáit eile de chuid an AE.

D’amharc taighdeoirí ar Chohórt ’08 ón staidéar Fás Aníos in Éirinn. Fuair siad amach go ndearnadh dul chun cinn iontach i gcás scileanna Béarla i measc leanaí ar imircigh a dtuismitheoirí idir trí bliana agus naoi mbliana d’aois. Mar sin féin, bhí scóir léitheoireachta níos ísle ar an meán ag leanaí ar imircigh an bheirt tuismitheoirí acu i gcomparáid le leanaí ar de bhunadh Éireannach duine amháin de na tuismitheoirí ar a laghad.

Chuathas ar aghaidh leis an obair sa chlár um lánpháirtiú ar thionscadal chun iniúchadh a dhéanamh ar phá agus coinníollacha oibre atá ag daoine in Éirinn nach Éireannaigh iad. Úsáideadh sonraí ó shuirbhé ar an bhfórsa saothair taobh le sonraí ioncaim. Foilsíodh an tuarascáil in Eanáir 2023. Chomh maith leis sin, chuir taighdeoirí tús le tionscadal thar ceann Roinn an Taoisigh chun comparáid a dhéanamh ar lánpháirtiú i measc na n-imirceach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Foilsíodh páipéar scóipe i mBealtaine 2022 inar tugadh breac-chuntas ar théamaí an taighde. Bhí imeacht comhairliúcháin ar líne ag taighdeoirí i mí Dheireadh Fómhair le heagraíochtaí ionadaíocha imirceach, Thuaidh agus Theas, chun iniúchadh a dhéanamh ar thaithí imirceach ar an teorainn in Éirinn.

Cuireadh taighde reatha ar lánpháirtiú leanaí agus daoine fásta ar imircigh iad i láthair i gcomhdhálacha agus i Scoil na hEacnamaíochta, Londain.

## 10. Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas

I dtaighde a bhaineann leis an ionchuimsiú sóisialta agus comhionannas, déantar iniúchadh ar chúinsí a imríonn tionchar ar theacht a bheith ag daoine ar na hacmhainní ábhartha agus eile a theastaíonn chun páirt a ghlacadh i saol eacnamaíoch agus sóisialta agus ar na próisis a chuireann daoine i dtreo na héagothroime ó thaobh deiseanna agus torthaí de. Rinne taighdeoirí iniúchadh ar réimse leathan topaicí in 2022, lena n-áirítear an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta, tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, cothroime/éagothroime i gcás gnóthachtáil leanaí agus a bhfolláine, cúram agus oideachas luath-óige, cothroime in earcaíocht na hearnála poiblí, agus cothromaíocht inscne san earnáil airgeadais.

I mí na Samhna, i dtaighde a bhí á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, rinneadh iniúchadh i bpáipéar ar an taithí atá ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí cúnaimh phearsanta in Éirinn. Léirigh na torthaí go dteastaíonn réimse níos leithne tacaíochtaí uathu. Tá cuid de na daoine sáinnithe sa bhaile a bheag nó a mhór cionn is go bhfuil easpa uaireanta cúnaimh phearsanta ann. D'iarr cuid daoine go mbeadh tuilleadh rialaithe acu maidir leis na huaireanta oibre atá á maoiniú ag an FSS ó thaobh ama agus cúise de.

I dtuarascáil dar teideal 'The changing social worlds of 9-year-olds', arna maoiniú mar chuid de chlár taighde leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, fuarthas amach go mbíonn tionchar láidir ag cás socheacnamaíoch an teaghlaigh ar shaol teaghlaigh agus gníomhaíochtaí laethúla leanaí, agus fianaise ann go bhfuil fás ag teacht ar neamhionannais sa rannpháirteachas i spórt agus léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr.

I dtuarascáil arna maoiniú ag Pobal agus a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair, rinneadh iniúchadh ar an mbochtaineacht a mhaireann ó ghlúin go glúin in Éirinn agus i dtíortha eile san Aontas Eorpach. Fuarthas amach, i gcás na hÉireann, maidir leis an seans go mbeidh díothacht ann i gcás duine fásta, go bhfuil an seans sin 35 pointe céatadáin níos airde ina measc siúd a d'fhás aníos faoi bhochtaineacht ná mar atá ina measc siúd a d'fhás aníos i gcoinníollacha airgeadais a bhí 'iontach maith'.

I mí Dheireadh Fómhair, i dtuarascáil ó chlár taighde arna mhaoiniú ag an bhFondúireacht Phobail d'Éirinn, fuarthas amach go bhfuil toisí d'éagothroime ioncaim ar an leibhéal is ísle atá taifeadta ós rud é go bhfuil fás láidir ionchuimsitheach tagtha ar ioncam, ach go bhfuil laghdú substainteach tagtha ar an inacmhainneacht tithíochta i measc cíosaithe óga agus ísealioncaim mar gheall ar an ardú sciobtha ar chíosanna príobháideacha.

Cuireadh tús le taighde arna mhaoiniú ag Roinn an Taoisigh in earrach 2022 le comparáid a dhéanamh idir oideachas agus cúram luath-óige i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Foilsíodh páipéar scóipe inar tugadh achoimre air sin agus ar thopaicí cláir eile i mBealtaine 2022. Foilsíodh an tuarascáil iomlán in Eanáir 2023.

Tháinig taighdeoirí ESRI os comhair Choiste Oireachtais um Chomhionannas Inscne i Meán Fómhair 2022. Rinneadh plé sa seisiún ar na moltaí ón Tionól Saoránach um Chomhionannas Inscne maidir le pá agus coinníollacha san áit oibre, chomh maith le ceannaireacht sa pholaitíocht, sa saol poiblí agus san áit oibre.

I dtionscadal scóipe arna mhaoiniú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, rinneadh anailís ó shonraí de chuid na seirbhíse sin ó 2019 go 2021 chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhionannas agus éagsúlacht in earcaíocht chun na seirbhíse poiblí, agus é mar aidhm ann deais chun faireachán a dhéanamh ar chomhionannas a fhorbairt.

Is éard atá i gceist le Cairt na mBan san Earnáil Airgeadais in Éirinn ná tionscnamh chun comhionannas inscne a chur chun cinn san earnáil airgeadais. Mar chomhpháirtí sonraí, tá anailís ar bun ag an ESRI ar na sonraí a fuarthas ó ghnólachtaí a bhfuil an chairt sínithe acu maidir le cothromaíocht inscne iontu agus an dul chun cinn i dtreo spriocanna don chomhionannas inscne a bhaint amach. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag Cónaidhm na hÉireann um Baincéireacht agus Íocaíochtaí, Ibec, Árachas Éireann agus Cistí na hÉireann.

I mí na Nollag in 2022, cuireadh tús le clár nua taighde ar chomhionannas agus cearta an duine i gcomhar le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

## 11. Cáin, Leas agus Pinsin

Déantar taighde sa réimse taighde seo ar dhearadh an chórais cánach, leasa agus pinsean. Tá béim ar thionchar an chórais ar athdháileadh agus dreasachtaí chun oibre. Úsáideann cuid mhór den obair seo SWITCH, samhail an ESRI le haghaidh cánach agus leasa, chun tionchar na leasuithe ar theaghlaigh a ionsamhlú.

Bhí taighde sa réimse seo dírithe ar na téamaí a bhaineann le géarchéim an chostais maireachtála agus tionchar na géarchéime sin ar theaghlaigh, bochtaineacht fuinnimh, tacaíochtaí tithíochta agus an seans don chóras cánach agus leasa dul i ngleic le bochtaineacht leanúnach. Tá gach ceann de na haschuir a luaitear thíos mar pháirt den chlár oibre Cáin, Leas agus Pinsin. Faigheann an clár maoiniú ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Sláinte, ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus ón Roinn Airgeadais, chomh maith leis an deontas-i-gcabhair atá á chur ar fáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an fhoireann taighde ar éifeacht dáileacháin an bhoilscithe agus ar an bpacáiste don chostas maireachtála. Fuarthas amach sa taighde seo go raibh an boilsciú – a bhí ag fás go speisialta gasta i gcás bia agus breosla – níos airde i gcás teaghlaigh ísealioncaim seachas teaghlaigh ardioncaim. Fuarthas go raibh an pacáiste chun dul i ngleic leis an gcostas maireachtála in ann éifeacht an bhoilscithe a laghdú ar ioncaim theaghlaigh ach bhain an chuid ba mhó de chostas na leasuithe le teaghlaigh sa leath is airde den dáileadh ioncaim.

D'fhoilsigh an ESRI an tuarascáil 'Low income renters and housing supports' i mí na Bealtaine ina ndearnadh scrúdú ar phatrúin tionachta agus inacmhainneacht cíosanna in Éirinn. Fuarthas amach sa taighde seo go gcuireann tacaíochtaí tithíochta go mór leis an inacmhainneacht i gcás teaghlaigh incháilithe ach go bhféadfaí spriocdhíriú na dtacaíochtaí seo a fheabhsú. Léirigh an taighde go bhfuil

easpa an-mhór de lóistín inacmhainne ann i neart ceantar, go háirithe le haghaidh daoine fásta atá singil agus ar ioncam íseal.


I mí an Mheithimh, chuir taighdeoirí trí pháipéar i láthair mar chuid den chomhdháil bhliantúil Budget Perspectives. I gcleachtas cáinaisnéise um chomhionannas, sa tuarascáil 'The impact of Irish budgetary policy by disability status', tugadh meastacháin ar an tionchar a bhí ag athruithe ar an gcóras cánach agus leasa idir 2008 agus 2019 ar theaghlaigh, iad difreáilte de réir stádas míchumais. Sa pháipéar 'Occupations and Health' rinneadh scrúdú ar an nasc idir an cineál gairme agus sláinte an duine, agus béim ar leith ar an meabhairshláinte. Ar deireadh, sa staidéar 'Earnings-related benefits in Ireland: rationale, costs and work incentives', rinneadh iniúchadh ar an éifeacht dáileacháin a bhaineann leis an aistriú ó ráta comhréidh go sochair a bhaineann le tuilleamh. Rinneadh an saothar seo a lua i ndréacht-tograí maidir le híocaíocht cuardaitheora poist bainteach le pá a thabhairt isteach, a d'fhoilsigh an tAire Coimirce Shóisialta.

I mí Dheireadh Fómhair, san fhaisnéisiú tar éis na Cáinaisnéise, léirigh foireann TWP an dóigh a mbeadh na hathruithe a fógraíodh i gCáinaisnéis 2023 mar chúiteamh, ar an meán, i gcoinne iarmhairtí an bhoilscithe, i gcás teaghlaigh ísealioncaim. Thug siad rabhadh, áfach, go bhféadfadh cúrsaí éirí níos measa i gcás teaghlaigh ísealioncaim agus na bearta sealadacha imithe in éag, ós rud é go raibh rátaí buana den leas sóisialta á n-innéacsú ar leibhéal níos lú ná an boilsciú.

Rinneadh scrúdú ar an neamhionannas inscne i dtaighde sa réimse seo. I bpáipéar a foilsíodh in *Social Sciences*, léiríodh go bhfuil éagothroime struchtúrach atá measartha seasmhach ag barr an leithdháilte tuarastail agus pá le scór go leith bliain, rud a chuireann in iúl go bhfuil síleáil ghloine ann i gcónaí. In ábhar modheolaíoch, rinneadh iniúchadh freisin ar oiriúnacht scála coibhéise na hÉireann, a úsáidtear agus innéacsanna ceannlíne bochtaineachta agus neamhionannais á ríomh.

Tá béim i gcónaí in obair na foirne cánach, leasa agus pinsean ar bheartas tábhachtach. Ba léir an méid sin agus duine de na baill foirne páirteach ar an gCoimisiún um Chánachas agus Leas. Tháinig baill den fhoireann os comhair coistí den Oireachtas seacht n-uaire i gcaitheamh na bliana. Thug siad fianaise ar thopaicí amhail innéacsú, Cáinaisnéis 2023, boilsciú, comhionannas inscne agus tacaíochtaí fiontraíochta.

## 4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022

| | |
|---|---|
| • **Eolaíocht Iompraíochta**: An tOllamh Pete Lunn |  |
| • **Iomaíochas, Trádáil agus IDC**: An tOllamh Iulia Siedschlag |  |
| • **Oideachas:** An tOllamh Selina McCoy agus an tOllamh Emer Smyth |   |
| • **Fuinneamh, Comhshaol agus Bonneagar**: An tOllamh John Curtis agus an Dr Anne Nolan |   |
| • ***Fás Aníos in Éirinn***: An tOllamh Emer Smyth |  |
| • **Sláinte agus Caighdeán na Beatha**: An Dr Sheelah Connolly agus an Dr Anne Nolan |   |
| • **Margaí Saothair agus Scileanna**: An tOllamh Seamus McGuinness |  |

| | |
|---|---|
| • **Maicreacnamaíocht:** An tOllamh Martina Lawless agus an tOllamh Kieran McQuinn |   |
| • **Imirce, Imeascadh agus Déimeagrafaíocht**: An tOllamh Frances McGinnity agus an Dr Emma Quinn |   |
| • **Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas**: An tOllamh Frances McGinnity agus Bertrand Maître |   |
| • **Cánachas, Leas agus Pinsin**: An Dr Karina Doorley |  |

## 5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2022

| **STIÚRTHÓIR** | |
|---|---|
| Alan Barrett | |
| **ANAILÍS EACNAMAÍOCH** | **SOCIAL RESEARCH** |
| Adele Bergin | Ylva Andersson |
| Stefano Ceolotto | Michelle Barrett |
| Klavs Ciprikis | Aoife Brick |
| John Curtis (Ceann na Rannóige) | Eamonn Carroll |
| Kelly de Bruin | Sheelah Connolly |
| Anne Devlin | Emily Cunniffe |
| Wendy Disch | Sarah Curristan |
| Juan David Duran Vanegas | Merike Darmody |
| Paul Egan | Michael Doolan |
| Niall Farrell | Karina Doorley |
| Tensay Hadush Meles | Katie Duffy |
| Elish Kelly | Luke Duggan |
| Eoin Kenny | Ellen Flanagan |
| Janez Kren | Leonie Hill |
| Akhilesh Kumar Verma | Aislinn Hoy |
| Martina Lawless | Harry Humes |
| Muireann Á. Lynch | Theano Kakoulidou |
| Seamus McGuinness | Claire Keane |
| Kieran McQuinn | James Laurence |
| David Meier | Ciarán Lavin |
| Gretta Mohan | Pete Lunn |
| Michael Mullins | Bertrand Maître |

| | |
|---|---|
| Wellington Osawe<br><br>Conor O’Toole<br><br>Paul Redmond<br><br>Eva Shiel<br><br>Iulia Siedschlag<br><br>Rachel Slaymaker<br><br>Constantine Spandagos<br><br>Elisa Staffa<br><br>Miguel Angel Tovar Reaños<br><br>Adele Whelan<br><br>Aykut Mert Yakut | Selina McCoy<br><br>Fran McGinnity<br><br>Féidhlim McGowan<br><br>Keire Murphy<br><br>Anne Nolan<br><br>Alexandros Papadopoulos<br><br>Michał Polakowski<br><br>Olga Poluektova<br><br>Emma Quinn<br><br>Mark Regan<br><br>Barra Roantree<br><br>Deirdre Robertson<br><br>Helen Russell (Head of Division)<br><br>Anne Sheridan<br><br>Emer Smyth<br><br>Stefanie Sprong<br><br>Amy Stapleton<br><br>Shane Timmons<br><br>Dora Tuda<br><br>Brendan Walsh<br><br>Keyu Ye |
| **FÁS ANÍOS IN ÉIRINN**<br><br>Elizabeth Burke<br><br>Caroline Goodwin<br><br>Eoin Keogh<br><br>Eoin McNamara<br><br>Aoife Murphy | **ACMHAINNÍ CORPARÁIDEACHA**<br><br>Eleanor Bannerton (Bainisteoir Oibríochtaí agus Straitéise)<br><br>Claire Buckley (Bainisteoir, Acmhainní Daonna)<br><br>Sarah Burns<br><br>Bernice Clancy<br><br>Liz Coyle |

| | |
|---|---|
| Aisling Murray<br><br>Amanda Quail<br><br>Bernadette Ryan<br><br>Fionnuala Waters | Stephen Cunningham<br><br>Lliana D'Emidio<br><br>Jennifer Downey<br><br>Julianne Flynn<br><br>David Gorman<br><br>Adrienne Jinks<br><br>Rachel Joyce<br><br>Francis McEvoy<br><br>Josh Nevin<br><br>Clare O'Neill<br><br>Charles O'Regan (Ceann Airgeadais)<br><br>Fiona O'Sullivan<br><br>Fiona Owens<br><br>Fionnuala Quinn<br><br>Stephen Sammon<br><br>Jeanne Sutton<br><br>LeAnnie Wilson |

## 6. COMHAIRLE NA HINSTITIÚIDE TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA - EOLAS BEATHAISNÉISE

**Sean O'Driscoll,** Uachtarán agus Cathaoirleach

Ceapadh Sean O'Driscoll ina Uachtarán agus ina Chathaoirleach ar an ESRI an 27 Bealtaine 2020. Tháinig sé isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra in 2017. Is iar-Chathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Glen Dimplex é, iar-Chomhpháirtí in KPMG, agus iarchomhalta é den Choimisiún Tríthaobhach agus de Bhord Seachadta an chláir Éire 2040. Iar-Stiúrthóir é ar Bhainc-Aontas Éireann, ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais in Éirinn agus ar ghrúpaí comhairleacha eile a cheap an rialtas. Bronnadh OBE agus gradam Légion d'Honneur ar an Uasal O'Driscoll.

**Alan Barrett,** Stiúrthóir, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Tháinig Alan Barrett isteach san ESRI sa bhliain 1994. Ceapadh é mar Stiúrthóir ar an Institiúid in Iúil 2015, agus chuaigh sé isteach sa Chomhairle ansin. Agus é ag obair leis an Institiúid, tugadh ar iasacht é don Roinn Airgeadais (2001–2003) agus do Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2011–2013). Bhí sé ina chomhalta ar an gcéad Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann ó 2011 go 2015. Tá sé ina chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann, Comhalta Taighde é in IZA (Institiúid don Eacnamaíocht Oibre) in Bonn, sa Ghearmáin, agus Comhalta Oinigh de Chumann na nAchtúirí in Éirinn is ea é. Tá sé ina chomhalta (ex officio) den Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide fosta.

**Katy Hayward**, Ollamh le Socheolaíocht Pholaitiúil, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Tháinig an tOllamh Katy Hayward isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Tá Ollúnacht aici i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Oideachais agus na hOibre Sóisialta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a bhfuil sí ina Comhalta in Institiúid an tSeanadóra George J. Mitchell agus ina Comh-Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde ar Theorainneacha Idirnáisiúnta. Is ball í Katy d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus tá sí ina Comhalta d'Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta.

**Sandra McNally,** Ollamh le hEacnamaíocht, Ollscoil Surrey

Tháinig an tOllamh Sandra McNally isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Is Ollamh le hEacnamaíocht í in Ollscoil Surrey agus tá sí ina Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde Gairmoideachais i Scoil na hEacnamaíochta, Londan.

**Gabriel Makhlouf**, Banc Ceannais na hÉireann

Tháinig Gabriel Makhlouf  isteach ar Chomhairle an ESRI in 2020. Tá sé mar Ghobharnóir ar Bhanc Ceannais na hÉireann, ina chathaoirleach ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus den Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus is é Gobharnóir Ailtéarnach na hÉireann é ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Sula ndeachaigh sé isteach i mBanc Ceannais na hÉireann, bhí sé mar Rúnaí ag Státchiste na Nua-Shéalainne agus Príomhchomhairleoir Eacnamaíochta agus Airgeadais an rialtais ab ea é. Chomh maith leis sin, ba é Gobharnóir Ionadaí Nua-Shéalainn é sa Bhanc Domhanda, i mBanc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar, i mBanc Forbartha na hÁise agus sa Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus

Forbartha. Bhí sé ina chomhchathaoirleach ar -Chomhairle Baincéireachta Trans-Tasman chomh maith. Roimhe sin, bhí sé ag obair sa státseirbhís sa Ríocht Aontaithe, áit a raibh róil éagsúla aige a bhain le beartas ar cheisteanna cánach intíre agus idirnáisiúnta agus seachadadh oibríochtaí mórscála. Tá seal caite aige mar chathaoirleach ar Choiste an OECD um Ghnóthaí Fioscacha agus is é a bhí freagrach as Seirbhís Baincéireachta Rialtas na Ríochta Aontaithe.

**David Moloney,** Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tháinig David Moloney isteach ar Chomhairle an ESRI i mí na Samhna in 2010. Is é atá ina Ard-Rúnaí Gníomhach don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó bhí Eanáir 2021 ann. Tá sé ina Cheannasaí ar an Rannóg um Margadh an tSaothair agus Fiontraíocht sa Roinn agus é freagrach as réimsí éagsúla caiteachais, lena n-áirítear Coimirce Shóisialta, Tithíocht, Fiontraíocht agus Talmhaíocht, agus as Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann.

**Rónán Murphy,** iar-Chomhpháirtí Sinsearach, PwC, agus comhalta boird reatha, Davy, ICON plc agus Greencoat Renewables plc

Tháinig Rónán Murphy isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra in 2017. Tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Davy agus ar ICON plc agus is é Cathaoirleach ar Greencoat Renewables plc é. Tá sé ina Chathaoirleach ar Ghnó sa Phobal in Éirinn fosta. Roimhe seo bhí an tUasal Murphy ina Chomhpháirtí Sinsearach in PwC Ireland. Toghadh é chun an róil sin in 2007 agus toghadh arís é chuige in Iúil 2011 chun tréimhse eile ceithre bliana a dhéanamh. Chuaigh sé le bheith ag obair le PwC i 1980 agus chuaigh sé isteach sa chomhpháirtíocht i 1992. Chuaigh sé isteach i bhFoireann Ceannaireachta an ghnólachta sa bhliain 1995. Bhí cúpla ról ceannaireachta oibríochta aige ansin, sular ceapadh é mar chomhpháirtí i bhfeighil ar chleachtas ráthaíochta an ghnólachta in 2003, ról a bhí aige ar feadh ceithre bliana. Bhí an tUasal Murphy ina chomhalta ar Bhord Ceannaireachta EMEA PwC ó 2010 go 2015. Bhain sé Baitsiléir Tráchtála agus Máistreacht sa Staidéar Gnó amach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath sular bhain sé cáilíocht amach mar chuntasóir cairte i 1982. Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí Chomhlachas Tráchtála na Breataine-na hÉireann.

**Ciarán Ó hÓgartaigh**, Uachtarán, Ollscoil na Gaillimhe

Tháinig an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Ceapadh é mar Uachtarán ar Ollscoil na Gaillimhe in Eanáir 2018. Eisean an 13ú huachtarán. Roimhe sin, bhí sé ina Ollamh le Cuntasaíocht agus ba é Déan an Ghnó é sa Choláiste Ollscoile, BÁC.

**Anne O'Leary, Meta**

Tháinig Anne O'Leary isteach ar Chomhairle an ESRI i mí na Bealtaine in 2022. Is í Ceannasaí Meta Ireland í faoi láthair agus Leas-Uachtarán ar EMEA í chomh maith, sin Grúpa Domhanda Gnó Meta. Roimhe sin bhí sí ina POF ar Vodafone Ireland agus ina hUachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath.  Tá sí ar bhoird Meta Platforms Ireland, Ltd, WhatsApp Ireland, IBEC agus Greencore. Bhí sí ina Cathaoirleach ar GOAL Global tráth.

**Rowena Pecchenino,** Ollamh le hEacnamaíocht, Ollscoil Mhá Nuad

Tháinig an tOllamh Rowena Pecchenino isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2017. Ollamh le hEacnamaíocht í in Ollscoil Mhá Nuad. I ndiaidh di PhD a dhéanamh in Ollscoil Wisconsin, chuaigh sí isteach sa Roinn Eacnamaíochta in Ollscoil Michigan State, áit a raibh sí mar Ollamh agus mar

Chathaoir na Roinne. In Ollscoil Mhá Nuad tá seal caite aici mar Cheann na Roinne Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta agus mar Dhéan ar Dhámh na nEolaíochtaí Sóisialta. Tá sealanna caite aici mar chomhalta den Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus de Shainghrúpa na Roinne Sláinte agus Leanaí maidir le Leithdháileadh agus Maoiniú Acmhainní san Earnáil Sláinte. Tá sí díreach i ndiaidh éirí as a ról mar Uachtarán ar Chumann Eacnamaíochta na hÉireann. Tá sí ina Cathaoirleach Rannóige ar Ghréasán Scholars at Risk, Éire. Tá ábhar foilsithe aici agus déanann sí taighde fós i réimsí faoi leith san eacnamaíocht - eacnamaíocht chosanta, stair na heacnamaíochta in Éirinn agus an nasc idir eacnamaíocht agus diagacht. Tá ábhar foilsithe go forleathan aici in irisí ar nós an *American Economic Review*, *The Economic Journal*, agus an *Journal of Public Economics*.

**Orlaigh Quinn,** Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, cuireann an Dr Orlaigh Quinn comhairle ar an Rialtas agus tá sí i gceannas ar an Roinn, ar a 16 oifig agus a gníomhaireachtaí chun cruthú na lánfhostaíochta ardchaighdeáin inbhuanaithe a chur chun cinn; cuireann sí an fhiontraíocht chun cinn, tugann sí tacaíocht agus gríosú do bhonn iomaíoch nuálach taighde agus fiontraíochta, déanann idirbheartaíocht ar chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta, agus cuireann chun cinn fostaíocht agus margaí atá cothrom agus iomaíoch. Státseirbhíseach ó ghairm í, agus tá róil cheannaireachta aici go dtí seo i gcomhlachtaí poiblí éagsúla, í ar thús cadhnaíochta san athchóiriú ar sheirbhís phoiblí agus státseirbhís na hÉireann sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus mar Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha agus Ceannasaí Pinsean Náisiúnta sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá ceannaireacht tugtha aici fosta ar ghnóthaí AE agus idirnáisiúnta. Chaith sí seal mar chomhairleoir saineolach ar chúrsaí fostaíochta agus beartas sóisialta sa Choimisiún Eorpach. Iarchomhalta Taighde Cuartaíochta í i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Máistreacht sa Bhainistíocht Phoiblí agus Dochtúireacht sa Rialachas aici ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá dhá leabhar scríofa aici ar an mbeartas poiblí.

**Patrick Rabbitte**, iar-Aire agus iarcheannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Cathaoirleach Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach

Tháinig Patrick Rabbitte isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra in 2017. Iarpholaiteoir é de chuid Pháirtí an Lucht Oibre a chaith tréimhse mar Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ó 2011 go 2014. Ba é Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre é ó 2002 go 2007 agus bhí sé ina Aire Stáit Tráchtála, Eolaíochta agus Teicneolaíochta ó 1994 go 1997. Is é an Cathaoirleach ar Tusla é, is é sin an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

# 7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS BAILL CHORPARÁIDEACHA

Déanann an ESRI taighde neamhspleách a thugann tuiscint níos fearr do lucht déanta beartais in Éirinn ar an timpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta a dhéanann an saol in Éirinn a mhúnlú. Ceann de na cuspóirí atá ag an ESRI ná féachaint lena chinntiú go bhfuil sruth láidir ioncaim ag an institiúid chun maoiniú a chur ar fáil do thionscnaimh luachmhara neamhspleácha thaighde i réimsí sóisialta agus eacnamaíocha a imreoidh tionchar fadtéarma ar an tsochaí in Éirinn. Rinneamar forbairt arís ar ár gclár ballraíochta in 2022 agus tháinig fás suntasach ar ioncam ballraíochta i gcaitheamh na bliana. Tá an fás seo ann a bhuí le hobair chrua agus cáil fhoireann an ESRI. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas agus le baill eile as a dtacaíocht luachmhar.

**Pátrúin Whitaker na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta**

Davy
EirGrid
Bord Soláthair an Leictreachais
Google
ICON
Intel
Meta
Microsoft
Kingspan

**Baill Chorparáideacha den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta**

Grúpa Bia ABP
AIB
Becton Dickinson
Bord Bia
Bord Gáis
DCC
Deloitte
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
An Roinn Talmhaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais
An Roinn Iompair
An Roinn Cosanta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Bus Bhaile Átha Cliath
Fiontraíocht Éireann
Fáilte Ireland
FBD Insurance
Greencoat Capital
An tÚdarás um Ard-Oideachas
Ibec
GFT
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Irish Life

Iarnród Éireann
Uisce Éireann
KPMG
Comhairle Contae Lú
Malin
Matheson
Grúpa Musgrave
An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Norbrook
Grúpa OHM
Portwest
PwC
CSTGT
Tesco

INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA
ESRI ECONOMIC & SOCIAL RESEARCH INSTITUTE

Cearnóg Whitaker,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2,
D02 K138